Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2009



2010 © Rialtas na hÉireann

Oifig an Choimisinéara Fáisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 639 5689
Facs: (01) 639 5674
Riomhphost: info@oic.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.oic.gov.ie

Sraithuimhir Caighdeánach Idirnáisiúnta: 1649-0479
PRN: A10/0006

Deartha ag: catalyst

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2009

Clár

Réamhfhocal 7

CUID I – An Coimisinéir Faisnéise

Caibidil 1: An Bhliain faoi Athbhreithniú 9

Reámhrá 9
Comhthiomsú Staidrimh 10
Leibhéal na N-Iarratas Ar Chomhlachtaí Poiblí 11
Cineál Iarratais agus Iarratasóra 12
Rátaí Scaoilte 12
Iarratais chuig m'oifig ar Athbhreithnithe 12
Diúltaithe Intuigthe 13
Táillí A Fuarthas 13
Cinntí a Athbhreithníodh 14
Am Caite le h-Athbhreithnithe a Chríochnú 15
Torthaí na n-Athbhreithnithe 15
Cinntí Foirmiúla 15
Socrú agus Tarraingt Siar 16
Cásanna Scortha agus Fiosruithe Ginearálta 16
Fógraí Reachtúla 17
Teastais Reachtúla eisithe ag Airí/Ard-Rúnaithe 19
Achomhairc Ard-Chúirte 20
Achtacháin i ndáil le neamh-nochtadh taifead 21
Cúrsaí Foirne 22

Caibidil 2: Ceisteanna ag Teacht Chun Cinn 24

Rialacháin faoi alt 28(6) den Acht SF 24
Speansais na gComhlachtaí Poiblí 25
Comhlachtaí Poiblí lasmuigh den Acht SF 25
Ionchais bainistíochta faoi ailt 17 agus 18 26
Cleachtais na gComhlachtaí Poiblí 28
Ceisteanna maidir le toiliú 31

Cásanna Ard-Chúirte 31
1. Gobharnóirí agus Caomhnóirí an Ospidéil Faoisimh do Mhná Bochta i Luí Seoil agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 315
2. Michael Kruse agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 286
3. P agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 574

Caibidil 3: Cinntí 37
Dochar do staid iomaíochta duine i gcleachtadh gairme nó gnó 37
An Irish Independent agus an Roinn Fiontair Trádála agus Fostaíochta Cás-Uimhir 080099 37
An Sunday Times agus Comhairle Cathrach Átha Cliath, Cás-Uimhir 080232 39

Chapter 4: Staitisticí 43
Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2009 45
Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2009 54

CUID II – Coimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil

Caibidil 1: Réamhfhocal 59
An Treoir agus na Rialacháin 59
Cad a thuigtear le Faisnéis Chomhshaoil? 59
Cead Rochtana Faisnéise a Spreagadh 60
Údaráis Phoiblí 60
Táillí 60
Bonn an Diúltaithe 61
Treoirlínte 61
Achomhairc a fuarthas 62
Ceisteanna a tháinig chun cinn sa bhliain 2009 62
Cás Ard-Chúirte 62
Suíomh Gréasáin 62
Tuarascáil chuig chuig an gCoimisiún Eorpach ón Roinn 63

Caibidil 2: Cinntí 65
An Comhairleoir Tommy Cullen & An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. CEI/08/0012 65
An tUas. P. Geoghegan & An Ghníomhaireacht Chosanta Chomhshaoil (GCC) CEI/09/0004 69

Aguisín I 72

Teastais Eisithe faoi Alt 20 agus Alt 25

Aguisín II 75

Athbhreithniú faoi Alt 25(7) ar Theastais Aireachta Eisithe

Cairt Eagraíochta 76

Réamhfhocal

Do-bheirim le seo uaim an seachtú Tuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéise (an dara Tuarascáil Bhliantúil déag ag Choimisinéir Faisnéise ó bhunaíodh an Oifig sa bhliain 1998) chuig an Dáil agus chuig an tSeanaid de bhun ailt 40(1)(c) de na Achtanna um Saoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Emily O'Reilly
Coimisinéir Fáisnéise
Aibreán 2010

Caibidil 1

Call for release of secret files on dumping

Revealed

Leading developers earned millions from school land

Revealed: a litany of neglect in our creches

Caibidil 1: An Bhliain faoi Athbhreithniú

Reámhrá

Tá áthas orm mo sheachtú Tuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéis a chur i láthair. Clúdaíonn an Tuarascáil seo an tréimhse idir an 1ú Eanáir 2009 go dtí an 31ú Nollaig 2009.

Sa Tuarascáil seo caithim solas ar roinnt cásanna agus ceisteanna sonracha a láimhseáil m'Oifig sa bhliain 2009. Ábhar dá leithéid sin is ea an claonadh atá ann anois ag chomhlachtaí poiblí a bheith ag titim amach ó scáth an Achta SF. Is oth liom a rá go bhfuil seo ag tarlú go hindíreach agus ní mar thoradh ar pholasaí ráite amach go hoscailte don phobal. Luaigh mé é seo sa tuarascáil a rinne mé don bhliain 2007 toisc go raibh cuid d'fheidhmeanna na gcomhlachtaí poiblí a bhiodh faoi réir an Achta SF bainte amach as scóip an Achta de bharr na bhfeidhmeanna sin a bheith á n-aistriú chuig comhlachta nua. Ní féidir fáilte a chur roimh a leithéid d'fhorbairt – feidhmeanna áirithe a bhíodh clúdaithe faoin Acht a bheith á mbaint amach as. Beidh tuilleadh le rá agam faoi seo i gcaibidil 2.

Breithním freisin ar chleachtais na gcomhlachtaí poiblí, agus caithim solas éigin ar roinnt saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn teagmhálacha a bhí ag an Oifig seo le comhlachtaí poiblí nuair a bhíodh athbhreithnithe ar siúl. Is cás liom go raibh ócáidí ann nuair nár scaoil comhlachtaí áirithe taifid de réir na gcinntí foirmiúla a bhí déanta ag an Oifig agamsa. Bíonn coinne cóir dleathach ag iarratasóirí, má fhionnaim ina bhfabhar, go scaoilfi na taifid ábhartha faoi réir gach riachtanais reachtúil. Tarraingím aird ar chásanna nár lean an cleachtas is fearr i gcaibidil 2.

Faoi mar atá déanta agam le dhá bhliain anuas, cé nach bhfuil dualgas reachtúil ar bith orm seo a dhéanamh, i gCuid II den Tuarascáil seo, tuairiscím ar mo chuid oibre mar Coimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil. Go dlíthiúil, tá seo neamhspleách ón ról atá agam mar Choimisinéir Faisnéise.

Sa bhliain seo atá caite, tháinig faisnéis a scaoileadh faoi SF faoi shúil an phobail, faisnéis a bheadh fágtha faoi cheilt murab é sin. I measc na samplaí de scéalta a bunaíodh ar SF agus a foilsíodh sna meáin bhí:

- I Mí Mhárta 2009, thuairiscigh an Irish Examiner faoi 31 cás do pháistí a fhulaing gortaithe faoi chúram FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh, agus faoi na smachtbhannaí le cur b'fhéidir ar bheirt den fhoireann dá bharr sin.
- I Mí Lúnasa 2009, thuairiscigh an Irish Independent go raibh lear mór fadhbanna tromchúiseacha fós ag gabháil de thionscadal na dtithe altranais príobháideacha, agus é sin ceithre bhliana tar éis nochtadh an scannail úd ag Leas Cross.
- I Mí Lúnasa 2009, tuairiscigh an Sunday Independent gur léirigh taifid a scaoil an Roinn Chosanta gur éirigh ball de Chomhairle Croise Deirge na hÉireann as a post á mhaíomh go raibh teipthe ar an eagraíocht sin freastal cuí a dhéanamh ar chaighdeáin an riaracháin. Ar 31ú Nollaig 2009, thuairiscigh an Irish Examiner to raibh athruithe sonraithe molta mar leigheas ar na hábhair buartha a tháinig chun cinn i gCrois Dheirg na hÉireann níos luaithe sa bhliain Tuairiscíodh freisin raibh scortha ag an gCathaoirleach.
- I Mí Dheiridh Fómhair 2009, thuairiscigh an Irish Independent go ndearnadh torthaí scrúdaithe i gcúrsaí staidéir ag FÁS a athrú, chun cuma a chur ar an scéal mar dhea go bhfuair daoine pas cé gur theip orthu dáiríre sna scrúduithe.

Ach, ba é an rud ba mhinice a tháinig chun cinn i rith na bliana ná an speansas a íoc comhlachtaí poiblí, speansas taistil ag oifigigh nó ag baill bhoird na gcomhlachtaí céanna, nó ag ionadaithe poiblí. Cuirim fáilte roimh scaoileadh taifead sin an speansais ag comhlachtaí poiblí a chéaduair agus gan a chur ar iarratasóirí teacht chuig an Oifig seo agamsa ag iarraidh athbhreithnithe. Ligeann an scrúdú seo SF don phobal a ndearcadh féin a chaitheamh ar úsáid airgid na gcáiníocóirí agus ciallaíonn sé freisin go gcaitheann na comhlachtaí poiblí a bheith cuntasach as a gcinntí chun speansais a fhaomhadh. Déantar iniúchadh freisin ar chaighdeán an rialachais sna comhlachtaí céanna. Eisceacht den chineál seo ba ea cás Bhoird Fheidhmeannais RTÉ a bhain le speansas a d'ardaigh an Bord sna blianta 2007 agus 2008. Rinneadh an diúltú sin a achomharc chuig m'oifig-se. Beidh tuilleadh le rá faoin gcás seo agam i gcomhthéacs na bhfógraí reachtúla a eisíodh faoi alt 37.

Comhthiomsú Staidrimh

Tuigim cé chomh diomailteach ó thaobh ama de ar chomhlachtaí poiblí atá an comhthiomsú staidrimh agus tá mé an-bhuíoch as na mór-iarrachtaí atá déanta chun staidrimh bheacht a sholáthar don Tuarascáil seo.

Leibhéal na N-Iarratas Ar Chomhlachtaí Poiblí

Rinneadh thart faoi 14,290 iarratas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht SF sa bhliain 2009. Is méadú é seo de 13% (1,618) os cionn figiúir 2008 (12,672) agus 34% os cionn 2007 (10,704). Tá áthas orainn nach bhfuil moilliú ar bith ar an iompú ar ais ar an laghdú in uimhreacha na n-iarratas. Luaigh mé é seo i dTuarascáil na bliana seo caite, agus, faoi mar a dúirt mé, ní foláir go bhfuil tiomáint faoi, go páirteach ar a laghad, de bharr an líon mór de mhór-scéalta, ar éirí as taifid a scaoileadh faoi SF, agus a bhí ag baint go háirithe le speansais na n-ionadaithe poiblí agus na n-oifigeach.

Líon na n-Iarratas ar Chomhlachtaí Poiblí faoin Acht SF 2000 – 2009

2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
13,705	15,428	17,196	18,443	12,597	14,616	11,804	10,704	12,672	14,290

Taispeánann an tábla seo a leanas an deich gcinn de chomhlachtaí poiblí a fuair an líon is mó d'iarrataí i rith 2009 (tá staid na bliana roimhe sin faoi lúibíní). Ábhar spéise sna táblaí is ea an Roinn Airgeadais, a thagann i gceist don chéad uair ó 2001 i leith, agus a thaispeáin méadú de 51% (92) i líon na n-iarrataí a fuarthas. Is ionann sin go raibh méadú de 325%, ón 64 cás a fuair an Roinn sa bhliain 2007, go dtí 272 a fuarthas sa bhliain 2009. Tugann sin an Roinn suas i dtreo an leibhéil 300, nó ós a chionn in aghaidh na bliana, leibhéal a bhí acu sular tugadh táillí isteach sa bhliain 2003. Cé nach luaitear sa tábla seo é, is spéisiúil a thabhairt faoi deara an méadú sa tréimhse chéanna de 118% (ó 57 go dtí 124) in uimhir na n-iarrataí faighte ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Cé nach bhfuil sonraí ar leith agam maidir leis an cúiseanna taobh thiar de an hathruithe seo, measaim go bhfuil sé réasúnta an tuairim a thabhairt go mbainfeadh sé le hardú spéise i rochtain taifead mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais agus an cor síos san eacnamaíocht.

Rang	Comhlacht Poiblí	2009	2008	2007
1	FSS Deisceart (1)	1,756	1,548	1,378
2	FSS Iarthar (2)	1,647	1,362	1,257
3	Roinn Dlí & Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí (3)	844	718	445
4	FSS BÁC Thoir Thuaidh (4)	694	631	627
5	Roinn Oideachas & Eolaíochta (6)	569	457	470
6	Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (5)	556	485	370
7	FSS BÁC Lár Laighin (7)	427	453	590
8	Ospidéal na Trócaire, Corcaigh(-)	416	200	91
9	Roinn Airgeadais (-)	272	180	64
10	Ospidéal San Séamas (8)	265	280	184

Cineál Iarratais agus Iarratasóra

Bhain formhór an mhéadaithe as 1,618 iarratas le faisnéis phearsanta (1,156). Tagann formhór na n-iarratas fós ón ngnáth phobal nó ó eagrais ionadaíochta (76%) agus níl an céatadán d'iarratais ó iriseoirí, lucht gnó, foireann chomhlachtaí poiblí agus baill den Oireachtas go ginearálta neamhchosúil le blianta eile.

Rátaí Scaoilte

I rith 2009, lamháladh 57% go hiomlán de na hiarratais a fhreastail comhlachtaí poiblí, lamháladh 20% eile i bpáirt, agus diúltaíodh do 11%. Léiríonn sin leanúnachas de réir a chéile i laghdú ar rátaí diúltaithe le blianta beaga anuas.

Níl na difríochtaí idir na hearnálacha maidir le rátaí scaoilte neamhchosúil le blianta roimhe sin. Tá an ráta scaoilte is airde ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), (71), agus an ráta is ísle ag an Státseirbhís (39%). Tá leanta le laghdú na rátaí scaoilte ag institiúidí tríú leibhéil ó 2006 (64%) go dtí 2009 (46%).

Iarratais chuig m'oifig ar Athbhreithnithe

Mura bhfuil iarratasóir sásta le cinneadh an chomhlachta phoiblí ar an iarratas SF uaidh/uaithi, tig leis/léi iarraidh ar an Oifig seo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh. Sa ghnáth-chás is éard a bhéas san athbhreithniú seo ná an tríú anailís agus an tríú cinneadh ar an gcás sin. Tá ceangal an dlí ar an gcinneadh a thagann ón athbhreithniú sin a dhéanaim. Is féidir é a achomharc go dtí an Ard-Chúirt – ach ar phointe dlí amháin.

Rinneadh 324 iarratas chuig an Oifig seo i rith 2009, sin méadú de 20 cás, nó 7% de bhreis ar 2008. Mar a léirítear i gcaibidil 4 (Tábla 13), glacadh le 242 as na hiarratais seo le haghaidh athbhreithnithe i rith 2009, i gcomparáid le 228 a ghlacadh sa bhliain 2008. Dealraíonn sé go leanann seo an méadú i líon na n-iarratas a fuair comhlachtaí poiblí sna blianta 2008 agus 2009 agus rinne mé cur síos orthusan i mo Thuarascáil don bhliain 2008.

Tá céatadán na n-iarratas a thagann chuig an Oifig seo a bhaineann le faisnéis neamh-phearsanta amháin (51%) ag titim i gcónaí ón mbuaic-phointe 60% sa bhliain 2007 síos go dtí leibhéal na mblianta roimhe sin – sin thart faoi 40%.

Sheas céatadán an gcás a achomharcadh chuig an Oifig seo, agus a ghlacadh le haghaidh athbhreithnithe, mar chéatadán d'uimhir iomlán na n-iarratas faighte ag comhlachtaí poiblí ar 1.7%, i gcomparáid le 1.8% sa bhliain 2008 agus 2.3% sa bhliain 2007. Tá miondealú ar na comhlachtaí poiblí áirithe agus ar bhunábhar na

n-athbhreithnithe déanta i gcaibidil 4 (Táblaí 15 agus 17). Bhí agóidí tríú pháirtí de 7% i gcoinne faisnéise a scaoileadh i gcomparáid le 5.3% sa bhliain 2008 agus 8.1% sa bhliain 2007.

Diúltaithe Intuigthe

Cuireann an tAcht SF teorainneacha ama ar chomhlachtaí poiblí i gcomhair na gcéimeanna difriúla den iarraidh SF .i. ba chóir go n-eiseofaí cinneadh ar iarraidh laistigh de cheithre sheachtain agus más athbhreithniú inmheánach atá i gceist, ba chóir go dtiocfadh an cinneadh laistigh de thrí sheachtain. Má sáraítear na teorainneacha seo (de bharr gan cinneadh ar bith a dhéanamh nó cinneadh déanach i gcás athbhreithnithe inmheánaigh) tá sé de cheart ag an iarratasóir é seo a thógáil mar dhiúltú intuigthe, agus tá cead aige/aici iarraidh ar an Oifig seo athbhreithniú a dhéanamh ar aon diúltú intuigthe den sórt sin.

Mar a dúradh i dtuarascálacha roimhe seo, bíodh is go bhfuil baint dhíreach ag sáruithe na dteorannacha ama ag comhlachtaí poiblí le ceart rochtana an phobail ar thaifid, is ceist í seo a bhfuil a bhfuil intinn agam súil ghéar a choimeád air as seo amach. Is féidir a fheiceáil (Tábla 20, Caibidil 4) go bhfuil méadú tagtha go dtí 34 ar ócáidí nár chomhlíon comhlachtaí poiblí riachtanais an Achta, i gcomparáid le 19 sa bhliain 2007 agus 17 sa bhliain 2008. Ní féidir a bheith sásta lena leithéid, go háirithe nuair atá fios maith ag comhlachtaí poiblí go dtarraingeofar aird ar a leithéid im thuarascálacha. Tá ceithre chomhlacht (FSS, Baile Átha Cliath Lár Laighin, agus Thoir Thuaidh, an Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí agus An Roinn Sláinte & Leanaí) liostaithe ar gach cheann de an trí blianta a bhfuil tuairisciú déanta agus ar an ábhar seo. Ábhar buartha ar leith is ea an méadú mór go dtí a seacht in uimhir na sáruithe ag FSS Lár Laighin, comhlacht a bhí freagrach leis féin as 14% de na sáruithe uile ar thaifead ó 2007 i leith, cé nach bhfuaireadar ach 4% de an iarrataí SF ar fad. Coimeádfaidh mé súil ghéar feasta ar iompar an chomhlachta airithe seo sna cúrsaí seo.

Táillí A Fuarthas

Tháinig íocaíocht roimh ré ar iarrataí SF áirithe, ar athbhreithnithe inmheánacha agus ar iarratais i gcomhair athbhreithnithe san Oifig seo i bhfeidhm ar an 7ú Iúil 2003. Má lorgaítear faisnéis nach faisnéis phearsanta an iarratasóra í, tá na táillí seo a leanas iníoctha:

- €15 ar iarraidh SF (laghdaithe go dtí €10 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe);
- €75 ar iarraidh ar athbhreithniú inmheánach (laghdaithe go dtí €25 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe);

- €150 ar iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh SF ag an Oifig agamsa (laghdaithe go dtí €50 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe); agus
- €50 ar iarratas, ag an tríú páirtí lena mbaineann na taifid, ar athbhreithniú ag an Oifig seo ar chinneadh SF chun rochtain a cheadú ar thaifid ar son an leasa poiblí, tar éis gnásanna comhchomhairle faoi réir ailt 29.

I rith na bliana 2009 fuair an Oifig seo 133 iarratas ar íocadh táille astu. Ba é an méid iomlán a fuair an Oifig i dtáillí iarratais sa bhliain 2009 ná €16,500. D'aisíocadh €7,200 as sin ar chúiseanna difriúla a fhág €9,300 mar fhuíoll. Tugadh an aisíoc de

- €5,500, toisc go raibh na hiarratais áirithe diúltaithe mar neamhbhailí, tarraingthe siar nó socraithe;
- €1,700, toisc nach raibh cinneadh ar iarratas nó cinneadh ar thoradh athbhreithnithe inmheánaigh eisithe ag an gcomhlacht poiblí laistigh de na teorainneacha ama agus dá bhrí sin go raibh stádas 'diúltú intuigthe' leis (cf. alt 41 den Acht SF). Ní ghearrtar táille iarratais ar a leithéid.

Ar 41 ócáid sa bhliain 2009 scríobh an Oifig seo chuig an iarratasóir lena rá go mbeadh táille le híoc toisc nárbh ionann an fhaisnéis a iarradh agus faisnéis phearsanta a bhainfeadh leo féin amháin. De ghnáth d'íocfadh an t-iarratasóir an táille. I roinnt cásanna dhéanfadh iarratasóirí scóip an iarratais a athrú, trína chúngú chuig faisnéis phearsanta a bhain leo féin amháin, agus dá réir sin d'fhágfaí lasmuigh den réimse a tharraingeodh táille é. Cinneadh go raibh trí iarratas neamhbhailí toisc nár íocadh an táille iomchuí.

Cinntí a Athbhreithníodh

I rith na bliana 2009 d'athbhreithnigh mé 235 cinneadh a rinne comhlachtaí poiblí i gcomparáid le 259 sa bhliain 2008 agus 325 sa bhliain 2007. Is féidir roinnt cúiseanna a bheith taobh thiar den laghdú seo, acmhainní foirne ina measc, castacht cuid de na hathbhreithnithe agus mar gheall ar an oifig seo a bheith ag luí isteach ar cásanna níos sine agus cásanna ar ghá tamall fada a chaitheamh leo.

I dtús an bliana 2009 bhí 193 cás ar láimh ag an Oifig agamsa go hiomlán agus glacadh le 242 eile i rith 2009. I ndiaidh don 235 athbhreithniú a bheith críochnaithe i 2009, bhí 200 fós ar láimh ag deireadh na bliana.

Am Caite le h-Athbhreithnithe a Chríochnú

Chríochnaigh an Oifig seo 235 athbhreithniú sa bhliain 2009 agus tá siad miondealaithe sa tábla thíos de réir na bliana a fuair an Oifig an cás.

Forálann an tAcht go mba cheart do m'oifig na hathbhreithnithe a chríochnú chomh tapa agus is féidir, agus, más praiticiúil, laistigh de cheithre mhí tar éis an iarratais a fháil. Tá miondealú faoi Tábla ar uimhir na n-athbhreithnithe a chríochnaíodh laistigh de thréimhsí difriúla ama. As 235 athbhreithniú rinneadh sa bhliain 2009, chríochnaíodh 71, nó 30%, laistigh de cheithre mhí ón lá a fuarthas iad, i gcomparáid le 34% sa bhliain 2008. Toisc gurb í seo an chéad bhliain a thugann an Oifig na sonraí ar leibhéal chomh mion seo, níl sé indéanta comparáid a dhéanamh le staidreamh roimhe sin maidir le tréimhsí chríochnaithe seachas ceithre mhí. Beifear i n-ann an chomparáid sin a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

Am Caite le h-Athbhreithnithe a Chríochnú

	2009	%	**2008**	%
0-4 míonna	71	30.21	88	33.98
5-12 mionna	47	20.00		níl ar fáil
13-24 míonna	79	33.61		níl ar fáil
Os cionn 24 míonna	38	16.17		níl ar fáil
Iomlán	235	100	259	100

Torthaí na n-Athbhreithnithe

Ní raibh cinntí foirmiúla eisithe mar thoradh ar na hathbhreithnithe go léir a chríochnaíodh; d'éiríodh as cuid acu, tarraingíodh roinnt eile siar agus thángthas ar shocrú maidir le cuid eile fós.

Cinntí Foirmiúla

I rith na bliana 2009, d'eisigh mé 97 cinneadh foirmiúil, sin 41% de na cásanna a láimhsíodh i rith na bliana. Maidir le 71 (77%) de na cinntí foirmiúla dhearbhaigh mé an cinneadh a bhí déanta cheana ag an gcomhlacht poiblí; d'athraigh mé 16 (16%), agus neamhnigh mé an 6 chinneadh (6%) a bhí fágtha. I gcomparáid le sin, dearbhaíodh 72 cinneadh sa bhliain 2008 agus 66% sa bhliain 2007.

Socrú agus Tarraingt Siar

Forálann an tAcht, go dtig liom, uair ar bith le linn athbhreithnithe, iarracht a dhéanamh chun teacht ar shocrú idir na páirtithe maidir le taifid ar féidir a scaoileadh. Tig le hiarratasóirí, i gcásanna ar leith, aontú ar fhócas an athbhreithniú a chúngú agus taifid a fhágáil amach nach fiú mórán iad don fhaisnéis atá á lorg. I gcásanna eile, d'fhéadfaí a aontú go scaoilfí taifid breise, lasmuigh de scóip an chéad iarrata, ionas nach mbeadh aon ghá agamsa teacht ar chinneadh foirmiúil sa chás sin. Bím ag tathant i gcónaí ar chomhlachtaí poiblí, le linn dóibh a bheith ag plé le hiarrataí, murar dhóichí go bhfaighfí géilleadh go hiomlán don iarraidh, teagmháil dhíreach a dhéanamh le h-iarratasóirí féachaint an bhfaighfí teacht ar shocrú. I bhformhór na gcásanna tarlaíonn seo tar éis mion-chomhráití idir an iarratasóir agus duine d'fhoireann m'oifige agus is minic a scaoileann an comhlacht poiblí taifid dá bharr ar céimeanna éagsúla den athbhreithniú.

I rith na bliana 2009, shocraigh an Oifig seo 49 cás. Sin 21% beagnach d'iomlán na n-athbhreithnithe a chríochnaíodh i rith na bliana i gcomparáid leis an bhfigiúr céanna in 2008, 17% sa bhliain 2007 agus 9% sa bhliain 2006. Sa bhliain 2009 tharraing iarratasóirí siar 36% de na hathbhreithnithe a chríochnaíodh. Tá seo i gcomparáid le 33% sa bhliain 2008, 35% sa bhliain 2007 agus 23% le haghaidh 2006. Dá bhrí sin, tá an céatadán ina réitíodh cásanna go neamhfhoirmiúil de bharr socraithe nó tarraingthe siar méadaithe ó 52% go dtí 57% sa tréimhse 2007 – 2009. Fáiltím roimh an méadú seo, toisc, más féidir athbhreithnithe a réiteach go neamhfhoirmiúil, bíonn rochtain níos réidhe de ghnáth ag iarratasóirí ar na taifid.

Cásanna Scortha agus Fiosruithe Ginearálta

Scoradh 2.1 de na hathbhreithnithe a chríochnaíodh i rith na bliana 2009, i gcomparáid le 2.7% sa bhliain 2008 agus 2.2% le haghaidh 2007.

Rinneadh 857 fiosrú ginearálta chuig an Oifig i rith 2009, bhí 13 díobh sin i bpearsa, 224 i scríbhinn agus 620 ar an dteileafón. Níor bhain na fiosruithe ginearálta seo le haon athbhreithniú ar leith agus de ghnáth bítear ag lorg eolais faoin Oifig seo nó faoi oibriú an Achta SF, chomh maith le cúrsaí nach bhfuil faoi mo chúram mar Coimisinéir Faisnéise.

Fógraí Reachtúla

Comhoibríonn tromlach na gcomhlachtaí poiblí leis an Oifig seo i ndáil le taifid atá ina n-ábhar athbhreithnithe, ráitis maidir le diúltaithe agus a leithéid a sholáthar. Is mór liom an comhoibriú seo. Tá forálacha ar leith san Acht SF maidir le taifid agus faisnéis a chur chuig an Oifig seo. Ina measc:

- tugann alt 37 den Acht an cumhacht dom soláthar na faisnéise agus/nó na dtaifead a éileamh, agus áitreabh an chomhlachta phoiblí a iontráil más gá chun aon fhaisnéis atá riachtanach chun críche athbhreithnithe a fháil, agus

- tugann alt 35 den Acht an cumhacht dom ceangal a chur ar cheann chomhlachta phoiblí, más dóigh liom nach bhfuil cúiseanna mar is cóir tugtha chun tacú le cinneadh, ordú a thabhairt ráiteas iomlán a dhéanamh ar chúiseanna an chinnidh don iarratasóir agus don Oifig seo agamsa.

Sa bhliain 2009, faoi alt 37, sheirbheáil mé trí fhógra ar chomhlachtaí poiblí nár chomhoibrigh le mo Oifig tar éis an ghnáth-chomhfhreagrais. Seirbheáladh na fógraí seo ar An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí, ar RTE agus ar Chomhairle Bhaile an Chabháin.

An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí

Ar 26ú Eanáir 2009 d'iarradh ar an Roinn taifid a chur chugainn maidir le duine a ainmíodh a bhí mar ábhar an athbhreithnithe a bhí faoi scrúdú ag an am. De bhrí gur theip ar an Roinn na taifid a sholáthar in ainneoin dá mheabhrúchán, d'eisíodh fógra ailt 37 ar an 3ú Márta 2009. Fuarthas na taifid an lá dar gcionn. Is deacair a thuiscint cén chaoi ar thóg sé thar chúig sheachtain na taifid seo a chur chugainn, agus cén chúis nach bhfaighfí iad a chur amach an céad lá a d'iarr an Oifig seo iad.

RTÉ

Sa chás seo, theip ar RTÉ taifid de chaiteachas cártaí creidmheasa agus admhálacha de chuid chomhaltaí de Bhord Feidhmeannais RTÉ a sholáthar i gcomhair na mblianta 2007 agus 2008. D'iarradh na taifid a chéaduair ar an 19ú Deireadh Fómhair 2009, agus tar éis an-chuid mheabhrúchán agus sínte ama a thabhairt, d'eisíodh fógra 37 ar an 17ú Nollaig 2009. Chuir RTÉ achoimre de na speansais a íocadh le comhaltaí an Bhoird ar fáil, ach dhiúltaigh an t-iarratasóir é sin agus d'éiligh siad a gcearta chun rochtain a fháil ar na bun-thaifid. Sa chás seo bhí na taifid cosúil le taifid eile a scaoileadh mar ghnáthamh i rith 2009 as comhlachtaí éagsúla eile, gan a bheith ar iarratasóirí a bheith ag dul trí próisis eile athbhreithnithe tríd an Oifig seo agus an brú ó thaobh acmhainní de a chuirfí ar

chách dá bharr san. Is deacair liom a thuiscint nach raibh a fhios ag RTÉ go raibh na taifid i n-ann a bheith scaoilte faoi SF. De bharr an chaoi a iompar RTÉ iad féin, bhíodar cionn tsiocair le mórchuid uaireanta oibre gan gá ag oifigigh agamsa agus ag a riarthóirí féin, gan trácht ar an moill a chuireadh ar na h-iarratasóirí chun na dtaifead a rabhadar go hiomlán i dteideal a fháil. Tar éis an-chuid uaireanta oibre caite ar an gcás ag mo chuid oifigeach rinne RTÉ na taifid a scaoileadh mar ghnás riaracháin agus is ionann sin gur thuigeadar nár chóir go mbeadh ormsa cinneadh ceangailteach a dhéanamh chun na dtaifead céanna a éileamh.

Is cás liom nár scaoil RTÉ na taifid seo go dtí an-déanach sa bhfiosrú agus bheinn ag súil go ndéanfadh RTE iarrataí den chineál sin a fhreastal amach anseo agus ná beadh gá ag an Oifig agamsa aon chur isteach a dhéanamh.

An Chomhairle Bhaile an Chabháin

Ar 23ú Deireadh Fómhair 2008 d'iarr an Oifig seo cóipeanna den chéad iarraidh agus den iarraidh ar athbhreithniú ar thaifid i ndáil le sealúchais folmha le chuid na Comhairle, agus cóipeanna de na cinntí agus de chinntí na n-athbhreithnithe a rinne an Chomhairle. Go hiondúil soláthraítear na bun-thaifid seo laistigh de chúig lá oibre. Toisc nár tháinig freagra ar bith ón gComhairle ní fhéadfadh an Oifig seo cinneadh a dhéanamh faoi inghlacthacht an iarratais le haghaidh athbhreithnithe nó a mhalairt. I ndiaidh do dhá mheabhrúchán a bheith curtha amach seoladh fógra 37 ar 21ú Eanáir 2009. Nuair a tháinig na taifid ar 3ú Feabhra 2009 tháinig sé chun solais go raibh an bun-iarraidh neamhbhailí toisc nár íocadh an táille reachtúil, agus, dá bhrí sin, diúltaíodh don iarratas ar athbhreithniú. D'fhéadfadh an cinneadh simplí sin a bheith déanta ceithre sheachtain roimhe sin murach an mhoill a rinne an Chomhairle ag soláthar na dtaifead go dtí an Oifig seo.

Ní raibh gá agam fógraí a eisiúint faoi alt 35 i rith na bliana 2009.

Fógraí Reachtúla eisithe chuig Comhlachtaí Poiblí (2009)

Comhlacht Poiblí	Fógraí Ailt 35 Eisithe	Fógraí Ailt 37 Eisithe
An Roinn Dlí & Cirt Comhionannas & Athchóirithe Dlí	0	1
RTÉ	0	1
Comhairle Bhaile an Chabháin	0	1
Iomlán: 2009	**0**	**3**
Iomlán: 2008	**0**	**4**
Iomlán: 2007	**0**	**1**

Teastais Reachtúla eisithe ag Airí/Ard-Rúnaithe

Tugadh forálacha isteach leis an Acht um Saoráil Faisnéise (Leasú) 2003 lena bhféadfaí taifid áirithe a bhaint amach as scóip an Achta SF trí theastas eisithe ag Aire Rialtais ná ag Ard-Rúnaí Roinne. Tá na forálacha ábhartha faoi na hailt 19, 20 agus 25 den Acht SF agus forálann siad freisin go gcaitear tuarascáil a chuir chuig an Oifig seo ag sonrú uimhir na dteastas a eisíodh.

Alt 19

Díolúine éigeantach is ea Alt 19 a dhéanann taifid a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComh-Aireacht a chosaint. Leasaíodh an sainmhíniú ar 'Rialtas' san Acht 2005 lena chur san áireamh aon choiste oifigeach ceaptha ag an Rialtas chun tuairisciú go díreach chuig an Rialtais agus teistithe gurb amhlaidh a bhí ag teastas scríofa ag Ard-Rúnaí an Rialtais.

Tá Ard-Rúnaí an Rialtais i ndiaidh a chur in iúl dom nár eisigh seisean aon teastas faoi alt 19 sa bhliain 2009.

Alt 20

Díolúine roghnach is ea Alt 20 den Acht a chosnódh taifid áirithe i ndáil le próisis breithnithe chomhlachta phoiblí. Maidir le Roinn Stáit, eiseoidh an tArd-Rúnaí teastas scríofa á rá go bhfuil ábhar a bhaineann le próisis breithnithe na Roinne sin ar thaifead áirithe. Má tá teastas dá leithéid eisithe ní féidir an taifead áirithe a scaoileadh faoin Acht SF. Le fírinne, déantar éigeantach an díolúine. Déantar teastas mar sin a aisghairm in am tráth le teastas scríofa eile ón Ard-Rúnaí.

Tar éis teagmháil a déanamh le gach Ard-Rúnaí, tá curtha in iúl don Oifig seo gur eisigh Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta teastas nua amháin ar an 4ú Márta 2009. Cuirim cóip den mheamram faoi Aguisín 1 den Tuarascáil seo.

Tá ráite liom freisin nach bhfuil aisghairm déanta, faoi réir forálacha ailt 20(1A)(b), ar an dteastas faoi alt 20, eisithe ag Ard-Rúnaí na Roinne Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí, a bhfuil tagairtí déanta dó i dTuarascálacha roimhe seo. Dá bhrí sin tá an teastas seo fós i bhfeidhm. Cuirim cóip den mheamram faoi Aguisín 1 den Tuarascáil seo.

Alt 25

Má tá Aire Rialtais sásta go bhfuil taifead díolmhaithe trí alt 23 (forfheidhmiú dlí agus sábháilteacht an phobail) nó alt 24 (slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus go bhfuil an taifead íogair go leor nó tromchúiseach go leor chun

é seo a dhéanamh, tig leis an Aire, trí theastas a eisiúint faoi alt 25(1), a dhearbhú go bhfuil an taifead áirithe sin díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta SF. Ní mór don Aire nó Airí áirithe, gach bliain as a chéile, tuairisc a chur chuig an Oifig agamsa ar uimhir na dteastas eisithe agus ar fhorálacha ailt 23 nó ailt 24 den Acht SF lena mbaineann an taifead nó na taifid díolmhaithe. Ní foláir domsa cóip d'aon tuairisc dá leithéid a chur le mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain ábhartha.

Tar éis comhráite le gach Ard-Rúnaí, dúradh le m'oifig go raibh trí chinn de theastais nua eisithe sa bhliain 2009, dhá cheann ar an 10ú Meitheamh 2009 agus ar an 22ú Meitheamh 2009, faoi seach, ag an Aire Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí (An tAire), agus an tríú ceann ar an 17ú Samhain 2009 ag an Aire Gnóthaí Eachtracha. Tá an dá theastas athnuaite ag an Aire ar an 20ú Feabhra agus ar an 14ú Márta 2008, a ndearnadh tagairt dóibh i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2008 agus tá siad i bhfeidhm fós. De bhreis ar seo, tá curtha in iúl dom go bhfuil athnuachan déanta ag an Aire ar theastas 25 go ceann dhá bhliain eile. Cuirim cóip den mheamram ón Ard-Rúnaí faoi Aguisín I den Tuarascáil seo. Beidh an teastas eisithe ag an Aire Gnóthaí Eachtracha ag teacht suas i gcomhair athbhreithnithe faoi alt 25(7) sa bhliain 2010.

Cuireadh in iúl dom i litir den dáta 16ú Meán Fómhair 2009, go raibh an Taoiseach, an Tánaiste, an tAire Airgeadais agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na cúig theastas a bhí i bhfeidhm don bhliain dar gcríoch Lúnasa 2009 (dhá cheann eisithe 2009, ceann athnuaite 2009 agus dhá cheann eile athnuaite 2008). Bhíodar sásta nach raibh riachtanas ann, a dúradh, de bhun ailt 25(7) den Acht SF, aisghairm a iarraidh ar aon cheann de na cúig theastas áirithe. Cuirim cóip den mheamram faoi Aguisín II ag bun na Tuarascála seo.

Achomhairc Ard-Chúirte

Páirtí ar bith d'athbhreithniú, nó duine ar bith eile a bhfuil tionchar ag cinneadh de chuid na h-Oifige seo orthu, tig leo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí. De bharr an leasaithe a rinneadh ar an Acht SF sa bhliain 2003 is féidir cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc go dtí an Chúirt Uachtarach.

I rith na bliana 2009 rinne an Ard-Chúirt breithiúnais ar thrí achomharc i gcoinne cinntí de chuid m'oifige. Tacaíodh le dhá achomharc agus chuir an Chúirt ceann ar ais chuig m'oifig agus tá sé faoi athbhreithniú i láthair na huaire. Is féidir achoimrí den trí achomharc seo a léamh i gcaibidil a dó den Tuarascáil seo.

I gcás amháin eile, rinne an t-iarratasóir iarracht ar imeachtaí cúirte a thionscnamh ach dhiúltaigh an Chúirt an t-achomharc ar chúiseanna gnáthaimh imeachta.

Achtacháin i ndáil le neamh-nochtadh taifead

Forálann an tAcht faoi alt 32 go diúltófar rochtain ar aon taifead má tá a nochtadh toirmiscthe, nó, i gcúinsí áirithe, má tá a neamh-nochtadh údaraithe faoi reacht éigin. Sampla amháin den chineál reachta sin is ea an tAcht Uchtála. Má tá reacht ar liosta an Tríú Sceidil den Acht SF bíonn sé eisiata ó dhíolúine ailt 32, ach bíonn sé faoi réir forálacha eile an Achta. Dearcaim ar alt 32 mar fhoráil rí-thábhachtach ar fad. Cothaíonn sé comhtháthú, ionas gur féidir an léargas is leithne agus is doimhne eolais a bhaint as gach foráil nó achtachán a thoirmisceann nochtadh taifead, nó a údaraíonn neamh-nochtadh taifead. Déantar seo trí na taifid céanna a chur faoi scrúdú i gcoinne príomh-chuspóra an Achta SF .i. 'rochtain a fháil, chomh fada agus is féidir, i gcomhréir leis an leas poiblí agus an ceart chun príobháideachta, ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí..'

Éilíonn Alt 32 go gcaitheann Comhchoiste dhá Thí an Oireachais, sa chás seo, an Comhchoiste Airgeadais agus Seirbhíse Poiblí, athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha rúndachta i ngach reacht, féachaint ar ghá aon cheann acu a leasú nó a aisghairm nó a chur faoin Tríú Sceideal den Acht SF. Mar chuid den athbhreithniú seo caitheann Airí tuairisc a chur chuig an gComhchoiste ar na forálacha rúndachta go léir atá sa reachtaíocht sna limistéir údaráis atá fúthu. Ní foláir do na hAirí a dtuairimí a thabhairt cibé acu ar chóir na forálacha a leasú, a aisghairm nó iad a fhágáil i bhfórsa, agus fós, cibé acu ar chóir tagairt d'aon cheann de na forálacha seo a chur faoin dTríú Sceideal den Acht SF. Bíonn ar gach Aire cóip dá t(h)uarascáil a chur os chomhair gach Tí den Oireachtas agus cóip a chur chuig an gCoimisinéir Faisnéise. Tá d'oibleagáid ar an gComhchoiste tuarascáil ar an athbhreithniú oibiúcháin a ullmhú agus a chur go dtí an dá Theach.

Bíonn tuarascálacha den sórt sin dlite gach cúig bhliain ó Aibreán 1999 i leith (dáta na céad tuarascála) agus de réir ailt 32(5) den Acht SF, thug mé mo thuairimí agus mo chonclúidí maidir le tuarascálacha 2004 go dtí an Comhchoiste i Mí na Nollag 2005. Tar éis dul os comhair an Chomhchoiste bhraith mé gur tuigeadh na hargóintí mion-shonraithe a rinne mé faoin ngá a bhí le forálacha rúndachta áirithe a athrú agus bhraith mé go raibh glactha ar mhodh leathan leis an dearcadh sin. In ainneoin sin, nuair a chuir an Comhchoiste a dTuarascáil os comhair an Oireachtais, i gcás na bhforálacha rúndachta nár réitigh mo thuairimí fúthu le tuairimí an Aire, ba é an moladh a rinneadh ná tacú le dearcadh an Aire i ngach cás. Ina dhiaidh sin, tháinig sé chun soiléire gur chuireadh aoireacht i bhfeidhm sa chaoi gur scar an vóta ar línte na bpáirtithe polaitíochta. Tá ráite agam go mion minic gur fáth mór buartha is ea toradh dá leithéid.

Bhí babhta eile tuarascálacha dlite sa bhliain 2009, agus cé nach bhfuil aon ról agamsa go dtagann na tuarascálacha chun cinn, tuigim go bhfuil tuarascálacha áirithe críochnaithe agus cuid eile fós gan déanamh. Déanfar scrúdú a chur ar gach chóip a thagann chugam ar an intinn tuairisc a chur chuig an gComhchoiste más gá. Mar sin féin, ba chás liom dá mbeadh níos mó moille fós ag críochnú an bhabhta dheiridh seo de thuarascálacha. Freisin, mar gheall ar ár dtaithí go dtí seo, tá mé ag súil go bhfaighidh an Coiste bealach éigin an uair seo chun dearcadh níos machnamhaí a thabhairt ar mo chuid aighneachtaí.

Cúrsaí Foirne

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo fhoireann agus le mo chomhghleacaithe as an dtacaíocht atá tugtha acu dom go háirithe i rith na bliana 2009. Gabhaim buíochas leis an Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan agus na h-Imscrúdaitheoirí Sinsearacha, le Seán Garvey agus Elizabeth Dolan as a gcomhpháirt agus freisin le Alison McCulloch, Phyllis Flynn, agus le foireann na nAonad Cumarsáide agus TE, as a gcabhair ag cur na Tuarascála seo le chéile.

Rinneadh roinnt athruithe i bhfoireann na hOifige i rith na bliana 2009. Tá Ciara Burns, Imscrúdaitheoir, agus David Stone agus Roseanne Browne, Oifigigh Cléireachais, bogtha ar aghaidh chun dul i ngleic le dúshláin úra in Oifig an Ombudsman agus tá Des O'Neill, Imscrúdaitheoir, tar éis aistriú chuig an gCoimisiún um Chaigdeáin in Oifigí Poiblí. Fáiltím le Anne O'Reilly, Imscrúdaitheoir, agus le Iris Kilbey, Oifigeach Cléireachais a tháinig chuig an Oifig i rith na bliana.

Caibidil 2

Top academics under pressure over salary scales

Medical student sought copies of examination

Rotunda says age disclosure would have implications

Caibidil 2: Ceisteanna ag Teacht Chun Cinn

I rith na bliana seo chaite tháinig roinnt ceisteanna chun cinn i ndáil le hoibriú an Achta um Saoráil Faisnéise (SF) agus ba mhaith liom aird a tharraingt orthusan. Déantar cuid de na ceisteanna is tábhachtaí a phlé sa chaibidil seo mar a leanas:

- Rialacháin faoi alt 28(6) den Acht SF
- Speansais na gComhlachtaí Poiblí
- Comhlachtaí Poiblí lasmuigh den Acht SF
- Ionchais bainistíochta faoi na hailt 17 agus 18
- Cleachtais na gComhlachtaí Poiblí
- Ceisteanna maidir le toiliú
- Breithiúnais na hArd-Chúirte i rith 2008.

Rialacháin faoi alt 28(6) den Acht SF

I mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006, tharraing mé aird ar dheacrachtaí sna Rialacháin 1999, faoi alt 28(6) mar a rinneadh é a dhréachtú, a fhorálann maidir le rochtana áirithe ar thaifid na marbh. Faoi mar a sonraíodh sa Tuarascáil sin, ba é an toradh a bhí leis na Rialacháin, mar a rinneadh iad a dhréachtú, ná go raibh orm a fháil amach an raibh an fhoráil sna rialacháin sin go bhfaigheadh neasghaol an mhairbh teacht ar thaifid an mhairbh, ba chuma faoi ní ar bith eile, agus aon tuairim a bheadh tugtha roimhe sin ag an té a fuair bás le linn beo dóibh a chur san áireamh. Le linn comhdhála faoi SF ('Saoráil Faisnéise, Uas-dhátú 2008, TCD, 8ú Márta 2008) rinne an Roinn Airgeadas gealltanas go ndéanfaí na Rialacháin a athbhreithniú roimh dheireadh 2008. Cé nár chomhlíonadh an sprioc-am a bhí leagtha síos ag an Roinn, is maith liom a rá gur tugadh Rialacháin athbhreithnithe isteach ar an 23ú Meán Fómhair 2009. Mar thoradh anois ar Rialacháin an Achta um Saoráil Faisnéise, 1997 (alt 28(6)), I.R. Uimh. 387, 2009, tig le cinnteoirí nithe eile a chur san áireamh seachas an gaol idir iarratasóir na dtaifead agus an duine lena mbaineann na taifid.

Speansais na gComhlachtaí Poiblí

Sa bhliain 1999 dhéileáil an Coimisinéir a tháinig romham le cás rochtana faoi SF ar thaifid na dTeachtaí Dála agus na Seanadóirí (Cás 99168). Sa chás sin fuair an Coimisinéir go mba chóir na taifid a scaoileadh ar son leasa an phobail, agus is as sin cás-dlí na Saorála Faisnéise ar an saol. Ón uair a scaoileadh na speansais taistil a bhain le FÁS, tar éis iarrata SF sa bhliain 2008, tharla cuid mhór scéalta sna meáin, mar gheall ar thaifid a nochtadh faoi SF, ag cur síos ar speansais comhlachtaí éagsúla. Fáiltím leis an bhforbairt seo, nuair is féidir sonraí speansais a scaoileadh sa ghnáthchúrsa mar fhreagra ar iarrataí SF, gan gá ar bith an cás a chur faoi bhráid na h-Oifige seo agamsa. Eisceacht den chás seo is ea cás na speansas ag RTÉ a bhreithníodh i gcaibidil 1. Sa chás seo, in ainneoin gur tugadh rabhadh agus ath-rabhadh go raibh na taifid riachtanach don athbhreithniú, níor chuireadh na taifid ábhartha ar fáil don Oifig seo. Bhí mar thoradh ar sin go raibh ar mo chuid oifigeach fógra foirmiúil a eisiúint faoi alt 37 den Acht SF ag éileamh go scaoilfí na dtaifead. Cuireadh ar láimh iad ag deireadh.

Comhlachtaí Poiblí lasmuigh den Acht SF

Tá ábhair imní curtha ar an dtaifead poiblí agam roinnt uaireanta, maidir le comhlachtaí poiblí, nó feidhmeanna de chomhlachtaí poiblí. a bheith á mbaint amach as scóip an Achta SF agus gan tuairisc ar bith a bheith curtha chugamsa i dtaobh an scaradh amach sin. Is saincheist bhunúsach cuntasachta í seo agus is ábhar imní dom go bhfuil sé ag tarlú go hindíreach in ionad é a bheith mar chuid de pholasaí poiblí, agus ráite amach go hoscailte.

Níos luaithe sa bhliain seo, in aitheasc a tugadh do chomhdáil ar an rialachas, a reáchtáil an Institiúid Riaracháin Poiblí & Institiúid Cairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasaíochta (téacs ar fáil ar oic.gov.ie) tharraing mé aird ar roinnt comhlachtaí tábhachtacha poiblí atá fágtha lasmuigh de scóip an Achta SF. Ina measc atá An Garda Síochána, na Coistí Gairmoideachais, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus Gníomhaireacht Bainistíochta na Sócmhainní Náisiúnta a bunaíodh le gairid.

Tharraing mé aird freisin ar an gcleachtas atá ann le blianta beaga anuas de chomhlachtaí poiblí nó feidhmeanna de chomhlachtaí poiblí a bhí faoi SF roimhe seo a bheith á mbaint amach ó scóip na n-Achtanna SF. Ina measc atá cumhachtaí forfheidhmithe an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, feidhmeanna sábháilteachta ar bhóithre, atá curtha anois faoin Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, feidhmeanna Chlárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas atá curtha anois faoin

Údarás Clárúcháin Maoine, agus an t-aistriú is déanaí beartaithe - an cumhacht forfheidhmithe a bhaint ón Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta.

Ionchais bainistíochta faoi ailt 17 agus 18

Chomh maith le ceart rochtana poiblí a sholáthar ar thaifid atá i seilbh na gcomhlachtaí poiblí, chuireann an tAcht SF an iallach ar chomhlachtaí poiblí aon fhaisnéis phearsanta neamh-iomlán, mí-cheart nó mí-threorach a leasú (alt 17), agus na cúiseanna taobh thiar d'aon ghníomh a théann i bhfeidhm ar dhuine a thabhairt, agus áirítear cinneadh a dhéantar mar ghníomh sa chás sin (alt 18). Is intuigthe as sin gur thosaigh iarratasóirí ag ceapadh go bhfuil oibleagáid ghinearálta ar chomhlachtaí poiblí a gcinntí a mhíniú faoi alt 18, agus, dá mba chuí, faisnéis phearsanta a leasú i ngach cás, dá n-iarrfaí a leithéid. Ach, díreach mar a chuireann na forálacha díolmhaithe san Acht SF, teorainn le cearta rochtana ar thaifid, cuireann an t-Acht SF chomh-shrian freisin leis na cúinsí ina gcaithfeadh comhlachtaí poiblí an fhaisnéis phearsanta a leasú nó ráiteas faoi na cúiseanna a thabhairt. Leagaim amach thíos na tuairimí atá agam maidir le teorainneacha na n-alt 17 agus 18.

Alt 17

I gcuid mhór de na cásanna a thagann os comhair na h-Oifige agamsa, bíonn an t-iarratasóir ag cur dúshláin faoi dhiúltú an chomhlachta phoiblí leasú a dhéanamh ar dhearcadh nó ar thuairim éigin nach n-aontaíonn an t-iarratasóir leis. Glactar coitianta go n-áirítear sa cheart leasaithe faisnéise pearsanta an ceart chun dearcadh nó tuairim ag duine eile faoin té atá i gceist a leasú má thaispeántar iad a bheith neamhiomlán, mícheart nó míthreorach (Cás 98158). Ach, mar sin féin, tá sé glactha go coitianta go gcuireann alt 17 an ceangal ar an iarratasóir a chruthú go bhfuil an fhaisnéis atá mar ábhar den iarratas, neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, de réir cothrom na dóchúlachta. Níl aon cheangal ar an gcomhlacht poiblí iomláine, cruinneas, ná beaichte na faisnéise a chruthú. Dá bhrí sin, mura bhfuil dóthain fianaise ar fáil, ní féidir liom leasú ar thaifead a ordú ar an gcúis amháin mbíonn an té lena mbaineann an taifead ag áitiú go bhfuil an fhaisnéis áirithe neamhiomlán, mícheart nó míthreorach. Tá sé fíor freisin, nach dtugann alt 17, ach chomh beag le forálacha eile san Acht SF, aon údarás dom mar Choimisinéir Faisnéise breithiúnas a thabhairt ar an gcaoi a chuireann na comhlachtaí poiblí a gcuid feidhmeanna i gcrích go ginearálta. Mar shampla, ciallaíonn sin nach gceadaíonn alt 17 dom tuairim iarratasóra faoi rud éigin (cosúil le teistiméireacht a bhfaigheann fostaí nó athbhreithniú ar an tslí a chomhlíonadh jab éigin) a mhalartú ar thuairim údair an taifid a bhfuil an leasú á iarraidh anois air. Thairis sin, in athbhreithniú le deireanas a bhain le mac léinn míshásta ollscoile, fuair mé amach nach raibh an t-údarás agam faoi alt 17 dúshláin faoi na gnásanna measúnaithe

acadúla a chleachtann ollscoileanna agus forais tríú leibhéil eile a bhreithniú. Bhí sin fíor, in ainneoin go raibh fianaise ann a dhealródh gur láimhseáladh ar mhodh an-neamhchoitianta na próisis ath-seiceála agus achomhairc a bhain le scríbhinn scrúdaithe an scoláire (Cásanna 080002 agus 080003).

Alt 18

Tá dhá ghé a bhaineann le hAlt 18: (1) Cáilitheacht an iarratasóra i gcomhair ráitis sa chéad áit, agus (2) leorgacht an ráitis a sholáthraítear má thaispeántar an cháilitheacht.

Chun go mbeadh iarratasóir cáilithe chun ráiteas faoi chúiseanna a fháil, ní foláir "leas ábharach" a bheith aige/aici sa bheart a bhfuil ráiteas cúiseanna á lorg faoi. Soláthraíonn Alt 18(5), ionas go bhféadfadh a leithéid de "leas ábharach" a bheith ag iarratasóir in ábhar, nach ceadmhach leis an gcinneadh áirithe a bheith ag tagairt 'd'aicme suntasach de dhaoine' a bhfuil an t-iarratasóir ina b(h)all dí, ná ag tagairt don iarratasóir féin mar dhuine. Mar sin, dá bhféadfadh comhlacht poiblí a thaispeáint i dtaobh cinneadh/cinntí a rinneadar, agus ar iarradh na cúiseanna orthu, gur bhain an cinneadh/na cinntí sin 'le h-aicme suntasach de dhaoine', sa chás sin ní bheadh an leas ábharach sa cheist ag an iarratasóir agus níl iallach ar an gcomhlacht poiblí aon ráiteas cúiseanna a sholáthar faoi alt 18. Déanaim cur síos ar ábharacht na saincheiste seo in gcúinsí áirithe i gcaibidil a trí (Cásanna 090131, 090132 agus 080258).

Chomh luath agus a chruthaíonn iarratasóir go bhfuil leas ábharthach acu sa bheart áirithe, tagann leorgacht aon ráitis cúiseanna a thabharfaí dóibh i gceist. Maidir le seo tá faighte amach agam nach bhfuil aon cheangal ar chomhlacht poiblí ráiteas cúiseanna a thabhairt i ndáil le gach uile gníomh atá déanta acu chun teacht ar an gcinneadh faoin ní atá faoi chaibidil. Ina áit sin bíonn ar an gcomhlacht ráiteas a thabhairt maidir le fátha an chur chuige a úsáideadh chun teacht ar an gcinneadh sin (Cás 031099). Tá sé faighte amach agam freisin, cé go gcuireann alt 18 iallach ar chomhlachtaí poiblí cinntí a mhíniú, níl bealach ar bith curtha ar fáil chun na cinntí sin a achomharc, ar nós athbhreithniú ar marcanna a bheadh bronnta nó conclúidí bhoird agallaimh.

Deirim arís go dearfa nach cuid de mo ghnó-sa mar Choimisinéir Faisnéise breith a thabhairt ar an gcaoi a théann comhlachtaí poiblí go ginearálta i mbun a gcuid feidhmeanna. Níl eisceacht ar bith don riail seo faoi Alt 17 agus ní leathann an cúram atá orm faoi alt 18 go dtí scrúdú a dhéanamh ar an gceartas nó a mhalairt d'aon ghníomh a iarrtar cúiseanna mar gheall air.

Cleachtais na gComhlachtaí Poiblí

Faoin Acht SF tá an ceangal ar chomhlacht poiblí dul i gcomhairle leis an Oifig seo le linn dóibh athbhreithnithe a dhéanamh. Soláthraíonn an tAcht freisin go bhfuil ceangal an dlí leis na cinntí a dhéanaim. Mar sin, mura bhfuil achomharc déanta chun na hArd-Chúirte tá oibleagáid dhlíthiúil ar an gcomhlacht poiblí an cinneadh a dhéanaim a chur i bhfeidhm. Is ábhar buartha dom na samplaí a thugaim thíos de na saincheisteanna seo agus de shaincheisteanna eile freisin.

Faillí ar Chinneadh a chur i bhfeidhm

Rinne iarratasóir taifid a bhain le soláthar seirbhísí comhairleachta a lorg ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Ní raibh na taifid scaoilte ag an gComhairle tar éis don tréimhse 8 seachtainí i gcomhair achomhairc a bheith caite. Rinne an Oifig agamsa teagmháil leis an gComhairle agus scaoileadar cuid de na taifid. Ach bhí tuilleadh cur isteach ón Oifig agamsa de dhíth lena dheimhniú go gcuirfeadh an Chomhairle mo chinneadh i bhfeidhm go hiomlán agus gach taifead a scaoileadh chuig an iarratasóir. Bíonn sé de cheart ag iarratasóirí a bheith ag súil, má fhionnaim ina bhfabhar, go scaoilfí na taifid ábhartha faoi réir na gceangaltas reachtúla agus is cás liom nár tharla a leithéid san chás áirithe seo.

Taifid "a fágadh ar lár trí bhotún"

D'iarr an Sunday Times cead rochtana ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar "conradh lamháltais" agus ar thaifid a bhain leis, maidir le fógraíocht amuigh agus seirbhísí áiseanna poiblí ag JC Decaux i mBaile Átha Cliath. Ag tráth an-déanach, chuir an Chomhairle taifid breise chuig an Oifig seo, taifid a bhí faoi scóip an athbhreithnithe. Is éard a bhí sna taifid seo ná comhfhreagras idir an Comhairle agus JC Decaux. Ní raibh nod ar bith tugtha ag ceachtar den dá thaobh roimhe sin go raibh taifid mar sin á gcoimeád. Nuair a lorgaíodh míniú uathu faoi sin dúirt an Chomhairle gur 'fágadh na doiciméid ar lár trí bhotún", de bhun iomraill. Tá tuilleadh sonraí faoin gcinneadh seo i gcaibidil 3.

Cinntí Éagóracha

Tá roinnt de na forálacha díolmhaithe san Acht SF faoi réir tástála cothromaithe an leasa phoiblí. Is ionann sin agus a rá nach féidir diúltú cead rochtana a chosaint murar féidir leis an gcomhlacht poiblí a thaispeáint nach seirbheálfaí an leas coiteann ní b'fhearr trí rochtain ar an dtaifead áirithe a cheadú ná tríd an rochtain sin a dhiúltú. Dhéileáil an Oifig seo le líon mór cásanna sa bhliain 2009 nuair nach ndearna comhlachtaí poiblí tagairt ar bith don tástáil cothromaithe leasa poiblí úd ina bpróiseas cinntí a dhéanamh. I gcomhair samplaí féach Cásanna 080025, 080232, 080240 agus 090202. Ní féidir a ghlacadh go dtángthas mar ba chóir ar na

cinntí seo de réir forálacha an Achta SF. Rud an-choitianta ar fad is ea an t-easnamh seo sna cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí agus ní chóir go dtarlódh a leithéid.

Conas teacht ar thaifid

Tar éis cúngú a bheith déanta ar scóip iarrata ag iarratasóir, d'aontaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go ndéanfaí na taifid a bhí mar ábhar den athbhreithniú áirithe a aisghabháil trína gcóras ríomhaireachta. Ach, le linn an athbhreithnithe, ba léir nach raibh an t-eolas ar fad a lorgaíodh gafa faoin gcóras ar chor ar bith, agus bhí cuid den fhaisnéis sna tuairiscí ag teacht mí-chruinn as an gcóras. Nuair a tháinig seo chun solais dúirt an Roinn leis an Oifig seo gur sean-chóras ríomhaireachta a bhí acu a bhí á athnuachan, agus go raibh líomatáistí le hacmhainn an chórais chun na sonraí a bhí sainiúil den iarratas a ionramháil nó a aisghabháil. De bharr an mhí-chruinnis a aithníodh níor mhór na bun-chomhaid a scrúdú. Bhí ar an Oifig seo sé iarrataí a chur chuig an Roinn sular chuireadh na taifid ábhartha go léir ar fáil. Tugadh an fhadhb faoi deara maidir le cruinneas na dtaifead don chéad uair i Mí Dheiridh Fómhair 2008 agus bhí comhfhreagras fadálach againn leis an Roinn idir sin agus Bealtaine 2009 sula dtáinig aon réiteach ar an gceist. Chuir sin moill seacht mí ar phróiseáil na dtaifead san Oifig seo, Cás 080099.

Faisnéis Mhíthreorach

Sa chás seo, cás a socraíodh ar dheireadh thiar, thug Ollscoil Luimnigh faisnéis uathu go dtí an Oifig seo le linn athbhreithnithe, faisnéis a bhí ar a fheabhas míthreorach, de réir an chuma is fearr a d'fhéadfaí a chur ar an scéal. Bhí an t-iarratasóir tar éis cead rochtana a lorg ar chóipeanna de gach doiciméad a bhain lena iarratas ar athsheiceáil ar scríbhinn scrúdaithe i nDlí an Ioncaim a rinne sé agus a bhain le próiseáil an achomhairc a rinneadh ar thoradh na hathsheiceála.

Sa chéad áit chuir an Ollscoil mion-shonrú chuig Oifig seo, ag cur i gcéill go raibh cur síos sa sonrú sin ar an modh a láimhseáiltear iarrataí athsheiceála agus achomhairc de ghnáth, de réir na ngnás riaracháin atá acu. D'ainmnigh an sonrú ceathrar ball dáimhe a dúradh a bhí páirteach san athsheiceáil a rinneadh ar scríbhinn an scrúdaithe Dlí Ioncaim agus in achomharc an iarratasóra. Dúradh freisin: "Go raibh deimhnithe ag gach ball ábhartha den phearsanra nár ghineadh taifead ar bith eile, seachas an méid a bhí curtha ar fáil don iarratasóir.... Cé go nótálann [an t-iarratasóir] go mba léir go gcaithfeadh go raibh doiciméid cruthaithe ag scrúdaitheoirí inmheánacha agus seachtracha roimh an dáta 16ú Deireadh Fómhair, 2007, ach go deimhin, ní mar sin a tharla." De réir dealraimh, ar eagla go mbeadh amhras ar bith faoi sin, lean an Ollscoil lena rá: 'Sa chás áirithe seo, ba mhaith leis an Ollscoil a thabhairt le fios, ar son cruinnis an taifid, nach raibh cuid

de na taifid a d'iarr [an t-iarratasóir] riamh ann, de bharr na ngnás riaracháin atá in áit, a bhfuil cuntas soiléir tugtha orthu sa doiciméad seo, agus iad dearbhaithe ag Déantóir an Chinnidh ina cuid comhráití agus ina cuid plé le baill ábhartha dáimhe agus foirne sa rannóg".

Rinne an t-iarratasóir aighneachtaí mion-shonraithe áfach a chuir a mhalairt do chruth ar láimhseáil an iarrata athsheiceála ar an scríbhinn scrúdaithe seachas an cuntas a thug an Ollscoil. Ag deireadh, dheimhnigh an Ollscoil go raibh an cúigiú ball dáimhe, léachtóir sinsearach ar a dtugadh Mr Y., páirteach i bpróiseas na hathsheiceála freisin, agus é ag gníomhú mar chomhordaitheoir do chúigiú bhliain an BA i gCánachas Feidhmeach. Mar thoradh ar admháil dhéanach na hOllscoile go raibh an Mr Y áirithe seo páirteach san obair, thángthas ar scéim ghrádaithe anótáilte a bhí cruthaithe (agus leasaithe uair éigin) ag an Scrúdaitheoir Inmheánach, agus bhí seisean in ainm a bheith mar dhuine de na baill dáimhe a dhearbhaigh roimhe sin "nár ghineadh taifead ar bith eile". Thángthas iar sin ar dhá thaifead fhíor-shonracha eile: ríomhphost ón Scrúdaitheoir Seachtrach chuig Stiúrthóir an Chúrsa den dáta 3ú Meán Fómhair 2007 – agus bhí a raibh scríofa ann ina mhacasamhail nach mór de thuarascáil an Scrúdaitheora Sheachtraigh ar achomharc an iarratasóra den dáta 16ú Deireadh Fómhair; agus ríomhphost ó shaineolaí PricewaterhouseCoopers chuig an Scrúdaitheoir Seachtrach den dáta 3ú Meán Fómhair freisin, agus arís bhí an ríomhphost seo ina mhacasamhail beagnach den tuarascáil den dáta 16ú Deireadh Fómhair 2007.

Tá sé an-dheacair an scéim grádaithe anótáilte a aimsíodh agus na ríomhphoist den dáta 3ú Meán Fómhair a réiteach le céad ráiteas na hOllscoile nach raibh " cuid de na taifid a d'iarr [an t-iarratasóir] riamh ann, de bharr na ngnás riaracháin atá in áit, a bhfuil cuntas soiléir tugtha orthu sa doiciméad seo, agus iad dearbhaithe ag Déantóir an Chinnidh ina cuid comhráití agus ina cuid plé le baill ábhartha dáimhe agus foirne sa rannóg". D'fhéadfadh aoinne tuiscint réasúnta a bhaint as nádúr an neamhréitigh seo, idir céad aighneachtaí na hOllscoile agus na fionnachtana a tháinig chun solais ina dhiaidh, gur sholáthair an Ollscoil, ar a fheabhas, sa chéad áit, faisnéis mhíthreorach maidir le leorgacht an chuardaigh a rinneadar ar thaifid ábhartha. Ní thuigim gur iompar coitianta a leithéid i measc comhlachtaí poiblí agus tá mo chuid tuairimí maidir le láimhseáil an cháis seo curtha in iúl don Ollscoil sna cinntí 080002 agus 080003 maidir le leasúchán na marcanna a bronnadh ar an iarratasóir. De ghnáth bím muiníneach go ndéileálann comhlachtaí go dea-mheonach leis an Oifig seo, ach is cás liom má bhí an mhuinín sin as ionad an babhta seo.

Ceisteanna maidir le toiliú

Níor cheadaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) d'iarratasóir áirithe taifid a mhic a rochtain, toisc gur chinneadar, tar éis comhairle a chur ar pháirtithe eile, daoine a bhí bainteach le cúram an linbh, nach mbeadh sé chun barr leasa a mhic an t-iarraidh uaidh a cheadú, agus fós go mba throimide leas an phobail cearta chun príobháide an linbh a chosaint ná cead rochtana ar na taifid a thabhairt don iarratasóir.

Bhí ocht mbliana déag d'aois sroichte ag mac an iarratasóra sula ndeachaigh an Oifig agamsa i mbun an athbhreithnithe seo a dhéanamh. Bíodh is go raibh tosca áirithe sa chás tar éis athraithe, mheas m'fhoireann go mba chríonna an rud é a fháil amach ar thuig an mac cad a bhí faoi chaibidil agus féachaint arbh í a thoil go scaoilfí na taifid chuig a athair ag an dtráth sin. Chas baill de m'fhoireann le mac an iarratasóra mar sin, agus mhíníodar dó cad a bhí taobh thiar den iarratas agus cuspóir an athbhreithnithe. Tar éis dó na taifid áirithe a scrúdú, thug sé le fios, le rá béil agus i scríbhinn, gurb í a thoil go dtabharfaí cead rochtana dá athair ar an bhfaisnéis a bhí sna taifid mar gheall air féin. Measadh go raibh na gnásanna seo a leanadh riachtanach sna cúinsí áirithe seo agus cuireadh é seo go léir in iúl d'FSS. Níl foráil ar bith san Acht SF chun go ndéanfainn-se neamh-shuim den toiliú a tugadh nó lena mheas an raibh scaoileadh na dtaifead seo ar mhaithe le barr leasa aon tríú pháirtí, duine fásta, duine a raibh cead tugtha acu go gceadófaí an t-iarratas. Mar sin féin, is dóigh liom go bhfuil sé de cheart agam aon ní atá riachtanach a dhéanamh, más gá agus más cuí, lena chinntiú go dtugtar an toiliú sin go deonach agus ar bhonn eolais. Tá fionnta agam, de bhíthin ailt 28(2)(b), go gcuireann an toiliú i scríbhinn seo an díolúine faoi alt 28(1) den Acht as feidhm.

Cásanna Ard-Chúirte

I rith na bliana 2009, rinne an Ard-Chúirt breithiúnais ar trí achomharc a tugadh i gcoinne cinntí a rinne an Oifig seo sa bhliain 2009. Chaith na Cúirteanna amach an ceathrú achomharc de bhrí nár cloíodh go ceart le nósanna imeachta. Thug an Ard-Chúirt breithiúnais ar trí chás; tacaíodh le mo chinntí in dá cheann de na cásanna agus chuir an Chúirt an cás eile ar ais chuig an Oifig seo. Tá na cás sin á athbhreithniú faoi láthair. Sa chás a bhaineann le taifid i seilbh Ospidéil an Rotunda, rinne an t-Ospidéal achomharc chuig an gCúirt Uachtarach agus táthar ag feitheamh le dáta éisteachta le linn seo a bheith á scríobh.

Tá téacs iomlán na mbreithiúnas ar fáil ar www.oic.gov.ie. Achoimre atá sa mhéid a leanas ar phríomh-phointí na gcásanna seo.

Gobharnóirí agus Caomhnóirí an Ospidéil Faoisimh do Mhná Bochta i Luí Seoil agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 315
Breithiúnas tugtha ag an Giúistís Patrick McCarthy, Uas., 2 Iúil 2009

Cúlra:

Bean a d'iarr cead rochtana faoi SF, thar cheann a hathar, ar thaifead na haoise a bhí ag a sean-mháthair, nuair a rug sí é sa bhliain 1922. D'eitigh an t-Ospidéal cead rochtana ar na taifid sin. Bhí na taifid acu – sliocht as Leabhar an Bharda Luí Seoil agus as Leabhar Lóiste an Phóirtéara. Chuir an bhean iarratas chuig m'oifig-se ag lorg athbhreithnithe ar an gcinneadh sin. D'eisíodh cinneadh na h-Oifige seo (Cás-Uimhir 050148) ar 14ú Nollaig 2007 chun cinneadh an Ospidéil a chur ar neamhní agus chun scaoileadh na dtaifead a ordú.

Saincheist:

Rinne an t-Ospidéal mo chinneadh a achomharc ar phointí áirithe dlí. Cé nach raibh sin luaite acu le linn an athbhreithnithe, mhaíodar nár bhain an t-Acht SF le hábhar cor ar bith toisc go ndearnadh na taifid go léir roimh tionscnamh an Achta sin. D'áitíodar nach raibh an ceart ag m'Oifig a rá nár bhain an toirmeasc faoi alt 28(1) den Acht ar scaoileadh faisnéise pearsanta chuig daoine, seachas duine ag lorg faisnéise mar gheall ar féin, le tosca an cháis seo. D'áitigh an t-Ospidéal freisin gur faisnéis a tugadh dóibh faoi rún ba ea aois sean-mháthar an iarratasóra.

Breithiúnas na Cúirte:

Thacaigh an Giúistís McCarthy leis an gcinneadh gur faisnéis phearsanta is ea aois duine de chineál atá ar fáil go poiblí trí Oifig an Ard-Chláraitheora (OAC) agus de bhíthin ailt 28(2)(c) den Acht SF agus nach mbaineann forálacha ailt 28(1) leis. D'fhionn sé gur tástáil oibiachtúil ba ea an tástáil maidir le h-infhaighteacht don phobal d'fhaisnéis d'aon chineál le faisnéis na dtaifead agus ba chóir í a mheasúnú le tagairt d'infhaighteacht na faisnéise i bprionsabal nó a mhalairt.

Cé gur sheas an Chúirt le ceart an Ospidéil chun ceist úr dlí a ardú seachas a raibh curtha romham san athbhreithniú, agus, toisc gur fionnadh go raibh faisnéis phearsanta a bhain leis an iarratasóir sna taifid, níor ghlacadh le h-áitiú an Ospidéil nár bhain an tAcht SF leo. De réir cothrom na dóchúlachta, bí an Chúirt sásta gur mac na mná a raibh a haois luaite i dtaifid an Ospidéil ba ea athair an iarratasóra.

D'fhionn an Giúistís McCarthy, de bhrí gur faisnéis is ea aois atá ar fáil go poiblí, nach féidir í a cheangal le cúrsaí príobháideacha ná faoi rún agus ní féidir an cháilíocht chéanna rúndachta a thabhairt dí a theastódh le haghaidh oibriú na díolúine rúndachta faoi alt 26 den Acht.

Fionnadh freisin, mar dhóchúlacht, go raibh an té lenar bhain na taifid tar éis bháis a fháil agus go raibh freastal déanta sa chinneadh ar cheart an neasghaoil chun faisnéis a fháil.

Phléigh McCarthy J ceist an leasa phoiblí ina bhreithiúnas agus bhí nithe faoi seo le rá aige, a bheadh, dar leis, mar chabhair do dhaoine i gcásanna eile a thiocfadh chun cinn. Dhíbhigh sé achomharc an Ospidéil.

Tá achomharc i gcoinne na bhfionnachtana déanta ag an Ospidéal chuig an Ard-Chúirt agus tá ceisteanna eile a bhaineann le cinneadh an Achomhairc sin ardaithe agamsa tríd an bhFógra chun Athraithe.

2. Michael Kruse agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 286. Breithiúnas an Uas. Garrett Sheehan 24ú Meitheamh 2009

Cúlra: D'iarr Mr Kruse, mac léinn le leigheas, cead rochtana faoi SF ar thaifid, scripteanna ríomhaireachta san áireamh, a bhain le scrúduithe ilroghnacha a rinne sé sa bhliain 2006. Dhiúltaigh Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) cead rochtana ar na taifid. Eisíodh cinneadh m'oifige (Cás 070155), a dhearbhaigh cinneadh na hOllscoile, ar an 13ú Nollaig 2007.

Saincheist: D'áitigh Mr Kruse ina achomharc go raibh dearmad déanta ag an Oifig seo nuair a fionnadh gur bhain alt 21(1) den Acht SF leis na taifid a dhíolmhú ar an mbonn go ndéanfadh scaoileadh dochar d'éifeacht na scrúduithe a ritheann an Ollscoil. D'áitigh sé freisin nach raibh fianaise ar bith ann ag tacú le fionnachtain go mba throimide an leas poiblí i bhfabhar an iarrata uaidh a dhiúltú ná iad siúd a bhí i bhfabhar na dtaifead a scaoileadh chuige.

Breithiúnas na Cúirte:

D'fhionn an Giúistís Sheehan go raibh fianaise go leor ag an Oifig seo lena mheas go raibh baol dochair dá gcuid feidhmeanna aitheanta ag an Ollscoil .i. dá scaoilfí ceisteanna as bailiúchán teoranta de cheisteanna, a bhí le h-úsáid i measúnuithe arís, go mbeadh baol níos láidre ann go bhfaigheadh iarrthóirí eolas roimh ré ar na freagraí cearta. Sa dóigh sin laghdófaí ar chumas na hOllscoile chun eolais na n-iarrthóirí a mheas. D'fhoinn sé freisin go raibh fianaise go leor ag an Oifig agamsa chun go mbeimis sásta maidir le réasúntacht an fhaitís a bhí ar an Ollscoil go ndéanfaí an dochar sin agus go raibh dóthain fianaise ann lena mheas, ar chothromaíocht, go raibh an leas poiblí i bhfabhar gan na taifid a scaoileadh. Dhíbhnigh an Chúirt an t-achomharc.

3. P agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 574 Breithiúnas a rinne an Giúistís Ms Maureen Clarke, 13ú Iúil 2009

Cúlra:

In dá iarratas a rinne sé chuig Bord Sláinte an Oirthir (mar a bhí), (an Bord), agus in iarratas a rinne sé chuig Ospidéal Muire do Leanaí Tinne (an t-Ospidéal), d'iarr P. cead rochtana faoi SF ar thaifid a bhain le líomhaintí de mhí-úsáid ghnéasach leanaí a ndearnadh ina choinne. Scaoil an dá chomhlacht roinnt taifead chuige agus choinníodar siar an chuid eile, ar an mbonn, cuid mhór, go raibh faisnéis iontu a tugadh faoi rún dóibh (alt 26) agus faisnéis phearsanta maidir tríú páirtithe (alt 28). D'eisíodh an cinneadh ó m'oifig faoi Cásanna 000478 & 000549 (a bhain le hiarrataí chuig an mBord) ar 17ú Samhain 2005, agus d'eiseadh an cinneadh faoi Chás-Uimhir 0000479 (a bhain le hiarraidh chuig an Ospidéal) ar 28ú Samhain 2005. Dhearbhaigh an dá cinneadh an diúltú ar chead rochtana ar thaifid a bhain leis an iarratasóir agus leis an leanbh, a bhí mar ábhar líomhanta na mí-úsáide. Toisc nach raibh sé indéanta an fhaisnéis an bhain leis an iarratasóir a scaradh ón fhaisnéis a bhain leis an leanbh bhí bonn an diúltaithe ag brath ar alt 28 den Acht SF – go nochtófaí faisnéis phearsanta an iarratasóra agus an linbh le chéile, agus, le cothromaíocht, go mba throimide an leas poiblí ag cosaint príobháide an linbh ná an leas poiblí ag géilleadh don iarratas chun faisnéis an scaoileadh.

Saincheist: D'áitigh an t-achomharc a rinne P. go raibh earráid i ndlí déanta agamsa sa bhealach a dhírigh mé ar fheidhmiú tástála an leasa phoiblí mar a bhí sí leagtha amach in alt 28 den Acht SF agus, go háirithe, sa dóigh ar fhionn mé nach raibh an tuairisc a chuireadh chuig an mBord (i) ina líomhain, agus fairis sin (ii) nach raibh sí ina líomhain bhréagach ná ina líomhain mhailíseach.

Breithiúnas na Cúirte: D'fhionn an Giúistís Ms Harding Clarke go raibh na cinntí a rinne mé earráideach sa mhéid is gur fhionn mé nach ndearna páirtí d'fhógra an achomhairc líomhain ar bith, agus sa mhéid is gur fhionn mé go raibh easpa fianaise mailíse i ndéanamh na líomhna sin, agus sa mhéid sin nár dhírigh mé i gceart ar fheidhmiú tástála na leasa poiblí, mar a bhí sí leagtha amach in alt 28(5)(a) den Acht SF. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar chastacht an gceisteanna atá faoi chaibidil i gcomhthéacs an athbhreithnithe agus ar an mbreithiúnas a rinne an Giúistís Ms Harding Clarke ba cheart do léitheoirí breathnú ar an cinntí agus ar an mbreithiúnas mar atá siad ar fáil ar mo shuíomh gréasáin www.oic.gov.ie.

Toisc gur cuireadh an cás ar ais chuig m'oifig ón Ard-Chúirt le breithniú arís air, agus tá sé fós faoi athbhreithniú, ní bheadh sé cuí agam ag an dtráth seo rud ar bith eile a rá faoi na saincheisteanna sa chás seo.

Caibidil 3

Drinking water 'was not tested enough' prior to Crypto outbreak

standards

T.D.s and Senators Expenses Top €1.1m

Expenses bonanza as senators claim €5.6m

Caibidil 3: Cinntí

Tarraingíonn an caibidil seo as ábhar a bhaineann le roinnt bheag cinntí a eisíodh i rith 2009 agus is é an cuspóir atá leis ná aird a tharraingt ar phointí a bheadh inspéise do chomhlachtaí poiblí agus d'úsáideoirí SF faoi seach. Tá téacs iomlán na gcinntí seo agus cinntí inspéise eile, le sonraí aitheantais daoine bainte amach aon uair is gá, ar fáil ar shuíomh gréasáin m'oifige www.oic.gov.ie.

Dochar do staid iomaíochta duine i gcleachtadh gairme nó gnó

Bíonn faisnéis íogair tráchtála ina seilbh ag comhlachtaí poiblí. Soláthraíonn tríú páirtithe cuid den fhaisnéis sin chun dul in iomaíocht le haghaidh tionscadal san earnáil phoiblí, nó cuirtear ar fáil í chun riachtanais reachtúla a chomhlíonadh. Tá Alt 27 den Acht SF faoi réir tástála leasa phoiblí agus cosnaíonn sé an fhaisnéis íogair tráchtála. Tá an díolúine seo faoi réir tástála leasa phoiblí mar a achoimrítear sna cásanna thíos. Baineann an dara cás le faisnéis faoina mhaítear go gcuireann clásal rúndachta bac le scaoileadh na dtaifead mar a fhoráiltear faoi alt 26 den Acht.

An Irish Independent agus an Roinn Fiontair Trádála agus Fostaíochta Cás 080099

An Cúlra agus na taifid a lorgaíodh

Sa chás seo d'iarr an Irish Independent cead rochtana ón Roinn ar an gcomhad iomlán neamh-eagraithe de gach chás a aimsíodh de loiceadh fostóra an pá íosta a íoc lena fhostaithe i rith na mblianta 2005- 2007. Mar ba ghnáth, d'iarr m'Oifig cóipeanna de na taifid a bhí á lorg ag an iarratasóir. Dúirt an Roinn go raibh líon mór de thaifid ina seilbh ag Cigirí Saothair i mbaill réigiúnacha difriúla a bhí bainteach leis an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF). Tar éis comhráití idir an iarratasóir, an Oifig seo agamsa, agus an Roinn, d'aontaigh an t-iarratasóir an t-iarratas uaithi a shrianadh chuig ainmneacha agus seoltaí na bhfostóirí a raibh admhaithe acu go raibh deichniúr nó níos mó d'fhostaithe íoctha faoi bhun an ísil acu (mar a fhoráiltear san Acht um Pá Íosta Náisiúnta) agus a raibh riaráistí dá réir íoctha lena bhfostaithe acu don bhliain 2007 amháin.

Aithne á chur ar na taifid a bhí ábhartha don athbhreithniú

Dhéileáil mé leis an gceist seo i gCaibidil 2 agus is í an t-aon chúis atáim á lua arís ná le dearbhú go tógadh ceann de cheist an chruinnis don chéad uair i Mí Dheiridh Fómhair 2008 agus thóg sé comhfhreagras fadálach leis an Roinn go dtí Bealtaine 2009 sula dtángthas ar réiteach na faidhbe. Chuir sin moill seacht mí ar phróiseáil an athbhreithnithe san Oifig seo.

Cinneadh na Roinne

Dhiúltaigh an Roinn cead rochtana ar na taifid faoi ailt éagsúla den Acht SF go mór-mór faoi na hailt 21(1)(a) [dochar do chomhlíonadh feidhmeanna comhlachta phoiblí], agus 27(1)(b) [caillteanas ábhartha airgeadais nó dochar do staid iomaíochta duine i gcleachtadh gairme nó gnó].

An t-Imscrúdú

De réir ghnáth-ghnáis m'oifige, tugadh cuireadh don Roinn agus do na fostóirí aighneachtaí a dhéanamh chuig an Oifig seo. Rinne an Roinn agus na fostóirí ábhartha go léir aighneachtaí. Cé go n-aithním go raibh imní b'fhéidir ar fhostóirí áirithe go ndéanfaí dochar éigin dóibh dá bhfoilseofaí a n-aitheantas, ní raibh sé i gceist sonraí ar bith a scaoileadh, cur i gcás, den struchtúr pá ná de na rátaí san uair a íoctar le fostaithe. Ní luafaí ach amháin ainm agus seoladh gnó na bhfostóirí a raibh admhaithe acu go raibh deichniúr fostaithe nó níos mó íoctha faoi bhun an ráta acu agus go raibh na riaráistí íoctha acu dá réir sin. D'áitigh an Roinn gur bhain an príomh-chúis imní a bhí orthu maidir le scaoileadh na dtaifead le comhoibriú deonach na bhfostóirí chun aon loiceadh a aithneofaí a cheartú, agus íocaíocht na riaráistí a bhí dlite do na hoibrithe a chur san áireamh. Cúis eile imní ba ea gur dóichí go bhfaigheadh fostaithe na riaráistí a bhí ag teacht dóibh mar thoradh ar an tslí a riarann an t-Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF) a ngnó, agus dá scaoilfí aitheantas na bhfostóirí faoi SF, go laghdódh sin ar chomhoibriú na bhfostóirí le ÚNCF, agus go mbainfeadh sé dá gcumas cásanna a réiteach gan dul i muinín an dlí chun é a dhéanamh. Dúirt mo chuid-se oifigeach leis an Roinn gurb í a dtuairim go ndéanfadh scaoileadh aitheantais na bhfostóirí faoi SF níos mó géilliúntais ó fhostóirí leis an Acht um Phá Íosta Náisiúnta a spreagadh san am a bhí le teacht, ná aon ní dá mhalairt. Bheadh fonn ar na fostóirí poiblíocht dhiúltach a sheachaint trí aon fhoilsiú poiblí den ghann-íocaíocht a rinneadar lena bhfostaithe. Mar sin féin, tar éis dom breithniú a dhéanamh ar na taifid agus ar na cúinsí áirithe a bhain le gach fostóir, d'fhionn mé gur bhain alt 27(1)(b) le faisnéis ábhartha a bhain le ceathrar de na fostóirí, sa mhéid, go bhféadfadh, i mo thuairim, scaoileadh na faisnéise dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an fhostóra.

Leas an Phobail

Cé go nglactar go mbaineann alt 27(1)(b) le hábhar, is féidir é a chur ar leataobh má cinntear go bhfuil scaoileadh na dtaifead ar mhaithe le leas an phobail. I measc na nithe a shíl mé a bhí i bhfabhar cead rochtana a thabhairt ar na taifid bhí oscailteacht agus follasacht sa tslí a théann comhlachtaí poiblí i mbun a gcuid oibre, sa mhéid go léiríonn sé go bhfuil a bhfeidhmeanna comhlíonta ag comhlachtaí poiblí, agus cúram déanta acu do chásanna má bhíonn fostaithe íoctha faoi bhun an ráta agus cúiteamh curtha ar fáil do na fostaithe céanna. Níl sna fostóirí sa chás seo ach codán beag den chigireacht a dhéanann ÚNCF i mbliain amháin. I gcinntí ar rinne mé roimhe seo d'fhionn mé gur léirigh tuairiscí ar cuairteanna chuig tithe altranais dearcadh, tuairimí agus fionnachtana na gcigirí ag am na cuairte. Sa tslí chéanna, sa chás seo, léiríonn na tuairiscí cigireachta fionnachtana na foirne cigireachta ag pointe áirithe ama. Mhachnaigh mé ar thosca an cháis áirithe seo agus d'fhionn mé go raibh an argóint ar thaobh an leasa phoiblí an-láidir i leith na dtaifead a scaoileadh agus chinn mé go seirbheálfaí leas an phobail ní b'fhearr trí cead rochtana ar na taifid a thabhairt.

Cinneadh an Athbhreithnithe

Neamhnigh mé cinneadh na Roinne agus d'ordaigh mé scaoileadh ainmneacha agus seoltaí na bhfostóirí ábhartha.

An Sunday Times agus Comhairle Cathrach Átha Cliath, Cás 080232

Cúlra agus taifid a lorgaíodh

I Mí Lúnasa 2008 d'iarr an Sunday Times cead rochtana ar thaifid a bhain le J C Decaux agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil le scéim "na rothar agus na gclár fógraí", mar a tugadh uirthi.

Le linn an athbhreithnithe, chuir an t-iarratasóir féin teorainn le scóip an iarrata, agus gan ach an conradh lamháltais féin a chlúdach .i. an comhaontú agus na sceidil ábhartha. Ach, ag tráth an-déanach san athbhreithniú dúirt an Chomhairle leis an Oifig seo go raibh taifid eile acu, nár aithníodh roimhe sin, a bhain le téarmaí an chonartha agus chinn mé go gcaithfeadh na taifid sin a theacht faoi scóip an athbhreithnithe freisin.

Cinneadh na Comhairle

Dhiúltaigh an Chomhairle cead rochtana, ag tagairt d'alt 27(1) agus ag maíomh go raibh faisnéis íogair tráchtála sna taifid. Níor bhreithnigh an Chomhairle ar leas an phobail de réir mar a éilítear san Acht.

An t-Imscrúdú

D'iarr an Oifig agamsa aighneachtaí ó JCDecaux agus fuair iad. Chuireadar i gcoinne scaoileadh cuid de na taifid ach ní na taifid go léir. Rinne JCDecaux an argóint go raibh dualgas sainráite rúndachta glactha ag an gComhairle nár bhfoláir a chur i bhfeidhm. Mhaígh an Chomhairle agus JCDecaux le chéile go raibh faisnéis airgeadais agus eile sna taifid a mbeadh caillteanas ábharthach mar thoradh réasúnta lena nochtadh, go raibh baol ann go ndéanfaí dochar d'fheidhmiú nó do thoradh idirbhearta conartha nó eile dá scaoilfí sonraí áirithe.

Chuir mo chuid scrúdaitheoirí i gcuimhne don Chomhairle nach ndearnadar diúltú a iarrata a chosaint sa dóigh a éilítear faoi alt 34(12)(b) den Acht.

Anailís agus Fionnachtana

I ndáil le rúndacht, ní dhearna an Chomhairle tagairt ar bith don rúndacht sa chinneadh a rinneadar. D'áitíodar in aighneachtaí chuig m'oifig-se go raibh clásail rúndachta sa chonradh nach bhfaighfí a scaoileadh gan ceadú sainráite ó JCDecaux a fháil. Chuir an gnólacht clásail áirithe faoi m'aithne a ndúirt siad a dhéanann scaoileadh faisnéis rúnda a thoirmeasc. Scrúdaigh mé alt 26(2) den Acht a fhorálann nach bhfuil sé mar aidhm ag an díolúine faoi alt 26(1) leas chomhlachta poiblí a chosaint ná leas daoine atá ina gconraitheoirí ag comhlacht poiblí a chosaint. Ba í an Chomhairle féin agus ndlíodóirí a réitigh an conradh agus, dá bhrí sin, ní ghlacaim go raibh dualgas rúndachta ar an gComhairle ag an gconraitheoir i dtosca áirithe an cháis seo. Shíl mé to raibh an dearcadh sin agam tacaithe ag cinneadh na hArd-Chúirte sa chás Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Coimisinéir Faisnéise agus BK [2008] IEHC 298.

Chuir mé i bhfáth freisin cinneadh a rinne mé roimhe sin a bhain le comhaontuithe rúndachta sa chás an Sunday Times agus FSS (Cás 000528).

Lean mé le machnamh a dhéanamh féachaint an raibh coinne agus tuiscint ag na páirtithe nach ndéanfaí an conradh a fhoilsiú. Bíodh chomh tábhachtach atá an fhollasacht agus an chuntasacht sa tseirbhís phoiblí agus ag meabhrú go bhfuil an tAcht SF i bhfórsa le deich mbliana anuas, bhí mé sásta go raibh eolas an-mhaith ag an gComhairle agus ag an gconraitheoir ar na tuiscintí a bhí taobh thiar den Acht. Bhí aird tarraingthe sa chuireadh chun tairisceana féin ar an Acht SF agus d'iarradh ar an lucht tairisceana aon fhaisnéis íogair a chur ar aithne. Bhí an t-aguisín seo leis: "Tabhair faoi deara, le do thoil, nach leor ráiteas rúndachta a chur isteach a chlúdaíonn gach uile faisnéis a sholáthraítear id thairiscint". Scrúdaigh mé na clásail ábhartha freisin agus chinn mé nach mbrisfeadh an Chomhairle an clásal rúndachta dá gcuirfí ceangal dlí orthu an fhaisnéis a scaoileadh. Nótáil mé go raibh

na clásail chomh leathan agus chomh ginearálta sin go mba dheacair a thuiscint conas a dhéanfaí iad a fhórsáil a fhaid a bhí ceann de na páirtithe ina chomhlacht poiblí. Cé go nglacaim nach raibh airgead ar bith á íoc ag an gComhairle leis an ngnólacht de bhun an chonartha seo, sheasódh na prionsabail céanna i gcás dá mbeadh gnóthachain dlite chuig buaiteoir tairisceana éigin as lamháltais a tugadh nó sochair comhchineáil a fuarthas. D'fhionn mé nár cháiligh na taifid le haghaidh a ndíolmhaithe faoi alt 26(1).

Mar gheall ar íogaireacht thráchtála agus an díolúine faoi alt 27, d'fhionn mé go raibh cuid den fhaisnéis de chineál, dá mbeadh fios na dtéarmaí a bhí á dtairiscint ag iomaitheoirí, go bhféadfadh sin dul chun aimhleasa staid iomaíochta an ghnólachta. Ní raibh codanna eile den fhaisnéis díolmhaithe faoi aon fhoráil faoi alt 27(1).

D'fhionn mé go raibh an-neart ag baint le hargóintí an leasa phoiblí a bhí i bhfabhar an scaoilte. Ina measc siúd bhí sé fíor go raibh cearta áirithe tugtha don ghnólacht os cionn suímh a bhí faoi úinéireacht phoiblí. Chinn mé nach féidir caitheamh leis an gconradh amhail agus dá mba chomhaontú phríobháideach nó rúnda a bhí ann, bíodh is go bhfuil sé de mhuirear ar an gcomhlacht poiblí áirithe bainistíocht a dhéanamh ar phríomhchathair na tíre seo. Tá spéis láidir poiblí i riaradh cóir na gconarthaí poiblí agus i ndeimhniú a dhéanamh go mbíonn luach maith le fáil. Baineadh cuid mhór, dar liom, den bhéim a chuir mé ar cibé dochair a dhéanfaí don ghnólacht de bharr faisnéis a scaoileadh mar gheall ar roinnt rudaí eile, ina measc - toisc go mbaineann an fhaisnéis le suímh ar leith agus ní ghá go mbainfeadh aon eolas a nochtfaí le lamháltais eile a thabharfaí amach anseo i limistéir eile. Ní raibh mórán eolais le fáil sna taifid maidir le dearadh, gnéithe teicniúla ná suiteáil na struchtúr. Chuir mé san áireamh go raibh cuid de na suímh a bhí molta tógtha isteach sa bhfearann poiblí cheana trí iarratais pleanála agus trí achomhairc. Ba é an rud a d'fhionn mé i ndáil leis na taifid díolmhaithe, ná, thar eisceacht beag amháin, go mba throimide leas an phobail na taifid a scaoileadh ná leas an phobail na taifid a dhiúltú.

Cinneadh an Athbhreithnithe

D'ordaigh mé na taifid a scaoileadh, le heisceacht amháin i bpáirt den doiciméadú a raibh praghsanna d'aonaid struchtúracha na scéime luaite ann.

Caibidil 4

claim

Council expenses to go online

Elderly patients abused in new nursing home scandal

Commissioner criticises Department of Environment

Chapter 4: Staitisticí

Is ag an Státseirbhís, le ráta ag 39%, fós atá an ráta scaoilte is ísle i gcomparáid leis na hearnálacha eile.

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2009

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí leo
Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin
Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál larratasóra
Tábla 4: Forbhreathnú ar iarratais ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo
Tábla 6: Iarratais saorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse
Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla
Tábla 8: Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (fss)
Tábla 9: Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéil shaorálacha, seirbhísí sláinte meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile
Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal
Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile
Tábla 12: Táillí ar dhéaileáil comlachtaí poiblí leo

(Tugtar d'Aire: Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise).

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2009

Tábla 13: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas
Tábla 14: Anailís ar chásanna athbhreithnithe
Tábla 15: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo ag an gcoimisinéir faisnéise i 2009
Tábla 16: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana
Tábla 17: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo - comparáid trí bliana
Tábla 18: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana
Tábla 19: Fiosruithe ginearálta / ar guthán
Tábla 20: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orth

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2009

Tábla 1: Forbhreathnú ar Iarratais Saorála Faisnéise ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí leo

Iarratais idir lámha - 01/01/2009		2,165*
Iarratais a fuarthas i 2009		
	Pearsanta	9,385
	Neamhphearsanta	4,799
	Measctha	106
Iomlán		**14,290**

Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana	16,455
Iarratais ar déileáladh leo	14,316
Iarratais idir lámha - 31/12/2009	2,139

**Rinne roinnt bheag comhlachtaí a bhfigiúirí a choigeartú i gcomhair cásanna beo, go háirithe ag deireadh 2008: rinne an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a bhfigiúirí i gcomhair cásanna beo a bheireadh ar aghaidh a choigeartú 101 síos, toisc, thar roinnt blianta, gur taifeadadh na haischuir go hearráideach ar mhodh carntha; an Roinn Iompair, i gcás nuair a bhí de thoradh ar athbhreithniú míosúil na n-aischur go raibh laghdú de 15 cásanna beo ag deireadh 2008; an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, i gcás nuair a laghdaigh an coigeartú an figiúr síos le 8 agus comhlachtaí eile níos lú, ilghnéitheach, a raibh an laghdú faoi bhun 4 ina bhfigiúirí ag gach ceann acu.*

Tábla 2: Iarratais Saorála Faisnéise ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí leo agus a Rinneadh a Achomharc ina Dhiaidh Sin

	Líon	Céatadán
Iarratais Saorála Faisnéise ar dhéileáil	14,316	100%
comhlachtaí poiblí leo Athbhreithnithe inmheánacha	609	4%
A fuair comhlachtaí poiblí Iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	202	1%

Tábla 3: Iarratais Saorála Faisnéise a Fuarthas, Anailís de réir Chineál Iarratasóra

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	2,163	15%
Lucht Gnó	791	5%
Comhaltaí den Oireachtas	110	1%
Baill foirne Comhlachtaí Poiblí	438	3%
Cliaint foirne Comhlachtaí Poiblí	8,358	59%
Eile	2,430	17%
Iomlán	**14,290**	**100%**

Tábla 4: Forbhreathnú ar Iarratais ar Dhéileáil Comhlachtaí Poiblí leo

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	8,162	57%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	2,797	20%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	1,573	11%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	215	2%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	1,569	11%
Iomlán	**14,316**	**100%**

Tábla 5: Anailís ar Iarratais ar Dhéileáil Earnáil na Seirbhíse Poiblí leo

	Céatadán dár géilleadh	Céatadán dár géilleadh i bpáirt	Céatadán na diúltaíodh	Céatadán na aistríodh	Céatadán na tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta	Iomlán
Ranna/Oifigí Státseirbh híse	39	27	15	2	17	100
Údaráis Áitiúla	56	24	15	0	5	100
FSS	71	16	8	1	4	100
Ospidéil Shaoráa cha, Seirbhísí Sláinte Meabhra cha agus Gníomhaireachtaí ireachtaí Gaolmhara Eile	68	6	6	3	17	100
Institiúdí Tríú Leibhéal	46	38	1	1	14	100
Comhlachtaí Eile	52	29	8	0	11	100

Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair Ranna/Oifigí Na Státseirbhíse

Rannóg/Oifig na Státseibhíse	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	707	137	0	844
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	415	149	5	569
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	508	47	1	556
An Roinn Airgeadais	10	262	0	272
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	93	140	0	233
An Roinn Sláinte agus Leanaí	26	173	0	199
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	53	76	0	129
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	9	118	0	127
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	20	104	0	124
An Roinn Iompair	10	107	0	117
Roinn an Taoiseach	3	93	1	97
Na Fórsaí Cosanta	75	19	0	94
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	8	78	0	86
Oifig Thithe an Oireachtais	1	82	1	84
An Roinn Ealaion, Spóirt agus Turasóireachta	0	68	0	68
An Roinn Cosanta	9	51	1	61
Oifig na nOibreacha Poiblí	0	56	0	56
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nádúrtha	3	49	0	52
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	1	37	0	38
Oig an Choimisinéara Faisnéise	7	8	6	21
An tSeirbhís um Ceapacháin Phoiblí	9	5	3	17
Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	4	10	0	14
Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí	0	13	0	13
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1	9	0	10
Oifig an Árd-Aighne	2	5	0	7
Oifig an Árd-Reachtaire Cúnta agus Ciste	0	6	0	6
Oifig Luachála	0	3	0	3
Oifig Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach	0	3	0	3
Oifig an Ombudsman	3	0	0	3
Oifig na Coimisinéirí Achomharc do na hAchtanna Cánach	0	2	0	2
Suirbhéaracht Ordanáis Éireann	0	2	0	2
An Phríomh-Oifig Staidrimh	0	1	0	1
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	0	0	0	0
Iomlán	**1,977**	**1,913**	**18**	**3,908**

Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a Fuair Údaráis Áitiúla*

Údaráis Áitiúl	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	119	98	4	221
Comhairle Chontae Chorcaí	25	147	0	172
Comhairle Chontae Mhuigh Eó	13	95	3	111
Comhairle Cathrach Chorcaí	25	63	0	88
Comhairle Chontae na Gaillimhe	10	75	0	85
Comhairle Chontae an Chláir	2	74	1	77
Comhairle Chontae Fhine Gall	15	57	0	72
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin	18	41	1	60
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	12	47	0	59
Comhairle Chontae Chiarraí	5	33	14	52
Comhairle Chontae Dhún na Gall	2	49	0	51
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	6	34	0	40
Comhairle Chontae Sligeach	8	32	0	40
Comhairle Chontae Luimní	3	34	0	37
Comhairle Cathrach Luimní	20	16	0	36
Comhairle Chontae Lú	8	21	6	35
Comhairle Chontae Chill Dara	2	32	0	34
Comhairle Chontae Laoise	11	22	0	33
Comhairle Chontae na Mí	2	29	1	32
Comhairle Chontae Loch Garman	1	22	7	30
Comhairle Chontae Uibh Fhailí	2	27	0	29
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	4	24	0	28
Comhairle Chontae Cheatharlocha	1	26	0	27
Comhairle Chontae Ros Comáin	4	21	1	26
Comhairle Chontae Phort Lairge	4	18	2	24
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	3	21	0	24
Comhairle Cathrach Phortláirge	5	17	0	22
Comhairle Chontae na h-Iarmhí	6	16	0	22
Comhairle Chontae Longfoirt	8	13	0	21
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	3	13	0	16
Comhairle Chontae Liatroma	2	14	0	16
Comhairle Chontae an Chabháin	3	13	0	16
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	1	11	0	12
Comhairle Chontae Mhuineacháin	0	9	0	9
Iomlán	**353**	**1,264**	**40**	**1,657**
Údaráis Réigiúnda	0	2	0	2
Comhthionóil Réigiúnda	0	2	0	2

* Tá figiúirí le haghaidh Comhairlí Baile agus Comhairlí Buirge istigh sna figiúirí den Chontae sin

Tábla 8: Iarratais saorála faisnéise a fuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	Pearsanta	Neamh phearsanta	Measctha	Iomlán
FSS Deisceart	1,689	65	2	1,756
FSS Iarthair	1,570	77	0	1,647
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	647	47	0	694
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	391	35	1	427
Iarrataí Náisiúnta - Corparáideach (URSO agus SCSO san áireamh]	1	262	0	263
Iarrataí Náisiúnta (Chuig Limistéar)	0	1	0	1
Iomlan	**4,298**	**487**	**3**	**4,788**

*De réir struchtúr réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tábla 9: Iarratais saorála faisnéise a fuair Ospidéil Shaoraálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile

